

Díbhinn dhá thrilliún euro na hEorpa:

Costas na Neamh-Eorpa a Mhapáil, 2019-24



SLIOCHT AS STAIDÉAR

EPRS | Seirbhís Taighde Parlaimint na hEorpa

Díbhinn dhá thrilliún euro na hEorpa:

Costas na Neamh-Eorpa a Mhapáil,

2019-24

SLIOCHT AS STAIDÉAR

Baineadh an sliocht seo as staidéar ina dtugtar le chéile an obair atá idir lámha ar thionscadal fadtéarmach a bhfuil sé mar aidhm leis 'costas na neamh-Eorpa' a shainaithint agus a anailísiú i roinnt réimsí beartais. Úsáidtear an coincheap seo, ar bhain Parlaimint na hEorpa úsáid cheannródaíoch as den chéad uair sna 1980idí, chun na gnóthachain éifeachtúlachta féideartha i ngeilleagar Eorpach an lae inniu a chainníochtú trí ghabháil do shraith tionscnamh beartais ar thacaigh an Pharlaimint leo le déanaí – lena n-áirítear margadh aonair digiteach níos leithne agus níos doimhne agus comhordú níos córasaí beartas cosanta náisiúnta agus Eorpach nó breis comhair chun seachaint cánach corparáide a chomhrac. Is bunaithe ar OTI breise ginte nó úsáid níos réasúnaí acmhainní poiblí a thomhaistear na tairbhí.

Tugtar le fios san anailís is déanaí go bhféadfadh geilleagar na hEorpa (AE-28) gnóthachain fhéideartha de bhreis is 2,200 billiún euro a bhaint amach, dá nglacfadh institiúidí an Aontais leis na beartais a bhfuil an Pharlaimint ag tacú leo i sraith réimsí sonracha agus dá gcuirfí chun feidhme ina n-iomláine iad thar thréimhse deich mbliana idir 2019 agus 2029. Is éard a bheadh ann, i ndáiríre, 'díbhinn dhá thrilliún euro', arb ionann é agus borradh 14% ar OTI iomlán AE (a bhí cothrom le 15.3 trilliún euro in 2017). Tá sé beartaithe go gcuirfidh an staidéar seo leis an bplé leanúnach faoi thosaíochtaí beartais an Aontais Eorpaigh sa timthriall institiúideach cúig bliana amach romhainn, ó 2019 go dtí 2024.

EAGARTHÓIR:

Anthony Teasdale

Seoladh ríomhphoist: EPRS-EuropeanAddedValue@ep.europa.eu

Doiciméad curtha i dtoll a chéile ag:

Micaela Del Monte, Tatjana Evas, Aleksandra Heflich, Niombo Lomba, Klaus Müller, Cecilia Navarra, Jerome Saulnier, Elodie Thirion agus Wouter Van Ballegooij, An tAonad um Breisluach Eorpach; agus Tania Latici agus Laura Puccio, Seirbhís Taighde do na Feisirí.

Is mian leis na húdair buíochas a ghabháil le Charalampos Avlakitiotis agus Federico Brovelli, oiliúnaithe san Aonad um Breisluach Eorpach, as cabhrú leis an taighde.

An Ardstiúrthóireacht um Sheirbhísí Taighde Pharlaimintigh (EPRS),
Parlaimint na hEorpa.

le tacaíocht ó:

Foireann Nuálaíochta PE,
Oifig an Ard-Rúnaí,
Parlaimint na hEorpa.

Leaganacha i dTeangacha Eile:

An leagan bunaidh: EN

Lámhscríbhinn curtha i gcrích in Aibreán 2019
An Bhruiséil, © An tAontas Eorpach, 2019

SÉANADH

Ullmhaíodh an doiciméad seo d'Fheisirí agus d'fhoireann Pharlaimint na hEorpa, agus is orthu siúd atá sé dírithe, mar ábhar cúlra chun cabhrú leo lena n-obair pharlaiminteach. Is é an t-údar/is iad na húdair, agus é/iad siúd amháin, atá freagrach as inneachar an doiciméid agus ní gá gurb ionann aon tuairimí a nochtar ann agus seasamh oifigiúil na Parlaiminte.

Údaraítear atáirgeadh agus aistriú chun críocha neamhthráchtála, ar choinníoll go n-admhófar an fhoinsé, agus go dtabharfar fógra roimh ré don Pharlaimint agus go seolfar cóip chuici.

PE 631.745

ISBN: 978-92-846-5016-3

DOI: 10.2861/451586

CAT: QA-02-19-215-GA-N

Díbhinn dhá thrilliún euro na hEorpa:

Costas na Neamh-Eorpa a Mhapáil, 2019-24

Réamhrá

Achoimre


D'fhéadfadh comhghníomhaíocht á déanamh ag an Aontas Eorpach a bheith mar bhonn le tairbhí geilleagracha suntasacha do shaoránaigh. Tá an margadh aonair reatha, mar shampla, atá á fhorbairt le blianta fada anuas, tar éis borradh breis is 5% a chur faoi gheilleagar na hEorpa (AE-28) cheana féin, trí rogha níos leithne a chur ar fáil do thomhaltóirí agus barainneachtaí scála níos fearr a chur ar fáil do tháirgeoirí, rud a bhí mar bhonn le méadú ar thrádáil, infheistíocht agus fostaíocht. Ina lán réimsí beartais - lena n-áirítear iompar agus taighde, nó an geilleagar digiteach agus ceartas agus gnóthaí baile - d'fhéadfaí forbairt a dhéanamh ar an gcomhghníomhaíocht atá ar bun faoi láthair nó tabhairt faoi ghníomhaíocht nua ar bhealaí a d'fhéadfadh seachthairbhe gheilleagrach dhearfach a ghiniúint.

Ó 2012, tá iarracht á déanamh ag Aonad um Breisluach Eorpach Pharlaimint na hEorpa an gnóthachan geilleagrach féideartha a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar thionscnaimh bheartais a bhfuil an Pharlaimint ag tacú leo a mheas, tionscnaimh a d'fhéadfadh borradh a chur faoi fheidhmíocht gheilleagrach na hEorpa le himeacht ama. Eascraíonn a leithéid sin de ghnóthachain - nó 'breisluach Eorpach' - go príomha ó OTI breise ginte nó ó leithdháileadh níos réasúnaí acmhainní poiblí atá ar fáil cheana féin, trí chaiteachas poiblí a chomhordú ar bhealach níos fearr ar leibhéal náisiúnta agus Eorpacha. Tugtar le fios san anailís is déanaí gur féidir le geilleagar na hEorpa (AE-28) gnóthachain fhéideartha de bhreis is **2,200 billiún euro** a bhaint amach, má ghlacann institiúidí an Aontais leis na beartais a bhfuil an Pharlaimint ag tacú leo i sraith réimsí sonracha agus má chuirtear chun feidhme ina n-iomláine iad thar thréimhse deich mbliana idir 2019 agus 2029. Is éard a bheadh ann, i ndáiríre, 'díbhinn dhá thrilliún euro', arb ionann é agus borradh de thart ar **14 % ar OTI iomlán AE** (2.2 trilliún as 15.3 trilliún euro in 2017).

Tá na **deich mórghraisle beartais** áit ar féidir le breis comhghníomhaíochta borradh a chur faoi gheilleagar na hEorpa - ar fiú suas le 2,213 billiún euro iad - liostaithe thíos agus tá léargas grafach le fáil ar an gcéad leathanach eile, 'Mhapáil Chostas na Neamh-Eorpa':

- Margadh aonair clasaiceach (713 billiún euro)
- Geilleagar digiteach (178 billiún euro)
- Aontas Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta (AEA) (322 billiún euro)
- Comhshaol, fuinneamh agus taighde (502 billiún euro)
- Iompar agus turasóireacht (51 billiún euro)
- Eoraip Shóisialta, fostaíocht agus sláinte (142 billiún euro)
- Eoraip na Saoránach (58 billiún euro)
- Ceartas agus Gnóthaí Baile - Imirce agus teorainneacha (55 billiún euro)
- Ceartas agus Gnóthaí Baile - Slándáil agus cearta bunúsacha (125 billiún euro)
- Beartas seachtrach AE (67 billiún euro).

Is féidir na deich mbraisle beartais seo a bhriseadh síos **in 50 sainréimse beartais** arb ionann iad agus bloic thógála na hanailíse seo. Tá siad seo leagtha amach anseo thíos i bhfoirm achomair faoin gceannteideal ‘Anailís is déanaí’. Sa roinn seo a leanas, tá achoimre le fáil ar na gnóthachain gheilleagracha fhéideartha a bhaineann le gach ceann den 50 réimse seo. Ansin, sa bhreis is 200 leathanach atá le fáil ina dhiaidh sin, díritear go mion ar an 50 réimse beartais, agus luaitear hipearnaisc ionas gur féidir taighde ábhartha a léamh, taighde a rinne Seirbhís Taighde Pharlaimint na hEorpa (EPRS) nó comhlachtaí seachtracha. Ar deireadh, tá cairt ar fáil ina léirítear éabhlóid na méideanna atá sainaitheanta mar bhreisluach Eorpach féideartha, de réir an réimse beartais, sna heagráin chomhleantacha den doiciméad seo ó 2014.



Cúlra

Bhain Parlaimint na hEorpa úsáid cheannródaíoch as coincheap na ‘neamh-Eorpa’ ag tús na 1980idí agus ba ag an tráth seo freisin a d’fhorbair sí an coincheap seo, trí thuarascáil a coimisiúnaíodh (trí Choiste Speisialta um Théarnamh Geilleagrach na hEorpa) ó bheirt eacnamaithe mór le rá, Michel Albert agus James Ball. Ba éard a bhí á áitiú i dTuarascáil Albert-Ball, *Towards European Economic Recovery in the 1980s*, a foilsíodh i mí Lúnasa 1983, gur fhorchur ‘easpa cómhargaidh dháiríre’, i dteannta le bacainní eile ar thrádáil laistigh den Chomhphobal, bac córasach ar gheilleagar na hEorpa, a bhí ag tearcfheidhmiú (i gcomparáid lena phoitéinseal) ar bhealach a bhí coibhéiseach le thart ar ‘seachtain oibre amháin in aghaidh na bliana ar an meán’ le haghaidh gach oibrí, arb ionann é agus ‘costas 2 % de OTI’.

Ba réasúnaíocht chumhachtach é ‘costas na neamh-Eorpa’ chun clár reachtach mionsonraithe a sheoladh chun an margadh aonair a chomhlánú i rith na n-ocht mbliana tosaigh de Choimisiún

Delors, ag tosú i mí Eanáir 1985. Rinneadh an costas a d'fhéadfaí a sheachaint trí chomhlánú rathúil an mhargaidh aonair a chainníochtú ar bhonn níos mionsonraithe i dTuarascáil chinníunach Cecchini, a d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach in Aibreán 1988. Measadh in *The Cost of Non-Europe in the Single Market* go raibh an gnóthachan féideartha do gheilleagar na hEorpa cothrom le thart ar 4.5% (agus b'fhéidir 6.5%) de OTI. Tugtar le fios in anailís a rinneadh ina dhiaidh sin ar éifeacht gheilleagrach breis is 3,500 beart aonair ar glacadh leo ar leibhéal AE chun an margadh aonair a chomhlánú, sa tréimhse ó lár na 1980idí, gur tugadh borradh de bhreis is 5.0% ar OTI comhchoiteann faoi deara - nó thart ar 1,500 euro in aghaidh an tsaoránaigh in aghaidh na bliana - agus bhí na ríomhanna maidir leis an mborradh OTI idir 1.7% agus 8.5%.

Is féidir 'costas na neamh-Eorpa' a chur chun feidhme ar bhonn i bhfad níos leithne ná díreach i ndáil leis an margadh aonair, cé go mb'fhéidir go bhfuil sé níos éasca é a chainníochtú sa sainréimse beartais seo ná mar atá i roinnt earnálacha eile. Is é an phríomhthuírim atá ann go bhféadfadh easpa comhghníomhaíochta ar leibhéal Eorpach a bheith mar bhonn le cailteanas éifeachtúlachta don gheilleagar foriomlán i réimse beartais shainithe, agus/nó nach bhfuil leas poiblí coiteann a d'fhéadfadh a bheith ann á réadú. Tá dlúthghaol ag coincheap chostas na neamh-Eorpa le 'breisluch Eorpach', sa mhéid is go ndéanann breisluch Eorpach iarracht an tairbhe chomhchoiteann a bhaineann le gníomhaíocht beartais a dhéanamh ar leibhéal Eorpach i réimse ar leith a shainithint, agus go ndéanann costas na neamh-Eorpa iarracht an gnóthachan comhchoiteann a tarscaoiltear mura ndéantar gníomhaíocht beartais ar leibhéal Eorpach i réimse ar leith, a shainithint.

An próiseas *Mapála* go dtí seo

Tá an éifeacht iolraitheora fhéideartha a bheadh mar thoradh ar ghníomhaíocht Eorpach atá ar bun cheana féin a neartú nó gníomhaíocht nua a dhéanamh fós láidir. Ó 2012, tá meastachán á dhéanamh ag Aonad um Breisluch Eorpach Parlaimint na hEorpa (EPRS) ar an ngnóthachan geilleagrach féideartha a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar thionscnaimh bheartais a bhfuil an Parlaimint ag tacú leo a mheas, tionscnaimh a d'fhéadfadh borradh a chur faoi gheilleagar na hEorpa le himeacht ama. D'eascródh a leithéid sin de ghnóthachain go príomha ó OTI breise ginte nó ó leithdháileadh níos réasúnaí acmhainní poiblí, trí chaiteachas poiblí a chomhordú ar bhealach níos fearr ar leibhéal náisiúnta agus Eorpacha. Níl an cur chuige seo bunaithe ar thiomhde de chaiteachas poiblí níos airde (seachas dá bhféadfadh éifeacht iolraitheora ard a bheith aige), ach ar ghníomhaíochtaí a shainithint a d'fhéadfadh poitéinseal fáis fadtéarmach an gheilleagair a mhéadú gan caiteachas breise - amhail margadh aonair digiteach níos leithne agus níos doimhne a fhorbairt chun an margadh aonair clasaiceach a chomhlánú - nó caiteachas níos fearr acmhainní poiblí atá ann cheana féin a áirithiú - amhail comhordú níos córasaí bheartais chosanta nó forbartha náisiúnta agus Eorpacha. Dá réir sin, is fealsúnacht 'fás gan fiachas' atá ann, atá oiriúnach do réaltacht na bhféidearthachtaí srianta ar chaiteachas poiblí a bhfuil rialtais ag déileáil leo ó tharla an ghéarchéim gheilleagrach agus airgeadais in 2008.

Tá na measúnuithe leanúnacha, a nuashonraítear go rialta, ar na gnóthachain gheilleagracha atá le réadú ag tionscnaimh den sórt sin, ar thug Parlaimint na hEorpa tacaíocht dóibh ag amanna éagsúla, tugtha le chéile cheana féin i gceithre heagrán d'fhoilseachán dar teideal *Costas na Neamh-Eorpa a Mhapáil, 2014-19*, a d'fhoilsigh an tAonad um Breisluch Eorpach idir Márta 2014 agus Nollaig 2017. San áireamh san anailís seo bhí meascán de thaighde inmheánach PE, taighde a choimisiúnaigh PE ó shaineolaithe seachtracha, agus anailís sheachtrach a d'fhoilsigh comhlachtaí poiblí, meithleacha machnaimh agus lucht acadúil eile.

Clúdaíodh 24 réimse beartais agus léiríodh gnóthachan geilleagrach féideartha de thart ar **800 billiún euro in aghaidh na bliana** - nó thart ar 6% de OTI AE ag an am - tar éis a bheith i mbun

feidhme thar thréimhse suas le 10 mbliana, sa mheasúnú tosaigh a rinneadh in earrach 2014. B'ionann é seo agus aistriú in airde buan ar OTI, agus bheadh na gnóthachain is mó ag tarlú tríd an margadh aonair digiteach (ag 260 billiún euro) agus an margadh aonair clasaiceach (235 billiún euro), agus bheadh roinnt réimsí eile chomh hard le 60 billiún an réimse.

Faoin tráth ar foilsíodh an ceathrú heagrán de *Chostas na Neamh-Eorpa a Mhapáil, 2014-19*, ag deireadh 2017, thug anailís níos mionsonraithe agus níos nuashonraithe ar 34 réimse beartais le fios go raibh na gnóthachain fhéideartha fhoriomlána do gheilleagar na hEorpa cothrom le suas le **1,750 billiún euro** (1.75 trilliún euro) - nó 12% de OTI AE ag an am. Sainithníodh na gnóthachain is mó sna réimsí seo a leanas: bearta breise chun an margadh aonair clasaiceach (615 billiún euro) a chomhlánú, margadh aonair digiteach a fhorbairt (415 billiún euro), bogadh i dtreo margaí fuinnimh níos comhtháite agus breis éifeachtúlachta fuinnimh (250 billiún euro), calaíochán agus imghabháil cánach a chomhrac (169 billiún euro), agus tuilleadh oibre chun an t-aontas eacnamaíoch agus airgeadaíochta a chomhlánú (129 billiún euro).

Anailís is déanaí ar an ngnóthachan geilleagrach féideartha: 2.2 trilliún euro

Ó Eanáir 2018, cuireadh síneadh leis an gcleachtadh *Costas na Neamh-Eorpa a Mhapáil* chun 50 réimse beartais a chur san áireamh, lena n-áirítear gnéithe iolracha de cheartas agus gnóthaí baile, agus réimsí nua amhail cosaint sonraí agus cibearshlándaíl. I gcás inar féidir, rinneadh measúnú tosaigh freisin ar aon ghnóthachain a d'fhéadfadh a bheith réadaithe sna réimsí seo cheana féin - amhail gnéithe de na margaí aonair clasaiceacha agus digiteacha - mar thoradh ar roinnt de na beartais a bhfuil Parlaimint na hEorpa ag tacú leo a bheith molta (go hiomlán nó go páirteach) ag an gCoimisiún Eorpach agus ansin a bheith achtaithe ag an gComhairle agus ag an bParlaimint, i rith thimthriall polaitiúil reatha cúig bliana an AE (2014-19).

Breathnaítear chun cinn san obair is déanaí, arna leagan amach sa staidéar seo, ar na deiseanna a bheidh ann i rith an chéad timthrialla cúig bliana eile chomh fada is a bhaineann le ceapadh beartas AE, ag tosú leis an toghchán do Parlaimint nua na hEorpa, a thionólfar i mí Iúil 2019. Tugtar le fios san anailís seo go bhféadfadh geilleagar na hEorpa (AE-28) gnóthachain gheilleagracha fhéideartha de bhreis is **2,200 billiún euro** (2.2 trilliún euro) a bhaint amach, ag deireadh na tréimhse deich mbliana idir 2019 agus 2029, dá nglacfadh institiúidí an Aontais leis na beartais a bhfuil an Parlaimint ag tacú leo sa 50 réimse a bhfuil staidéar déanta orthu anseo agus dá gcuirfí chun feidhme ina n-iomláine iad. Is éard a bheadh mar thoradh air, i ndáiríre, 'dibhinn dhá thrilliún euro' ó chomhghníomhaíocht AE, arb ionann é agus thart ar 14% de OTI iomlán AE (a bhí cothrom le 15.3 thrilliún euro in 2017). Bheadh an borradh féideartha fadtéarmach do gheilleagar AE, dá ndéanfaí é a réadú, an-suntasach: in aon bhliain amháin, d'fhéadfadh an borradh a bheith chomh mór leis an gclár iomlán éascaithe chainníochtúil a chuir an Banc Ceannais Eorpach i bhfeidhm sna deich mbliana i ndiaidh ghéarchéim gheilleagrach agus airgeadais 2008.

50 réimse beartais

Tá an **50 réimse beartais** a bhfuil athbhreithniú sonracha á dhéanamh orthu anseo, grúpáilte ina ndeich mórbhraisle ghinearálta, liostaithe thíos, agus tá an ríomh is déanaí den ghnóthachan féideartha bliantúil le fáil ina dhiaidh sin, sna billiúin euro, i ndiaidh thréimhse tionscnaimh iomlán suas le deich mbliana, agus an ríomh sin cothrom le 2,213 billiún euro:

(1) ***Margadh aonair clasaiceach*** (713 billiún euro)

- An margadh aonair le haghaidh earraí a chomhlánú (183 billiún euro)

- An margadh aonair le haghaidh seirbhísí a chomhlánú (297 billiún euro)
 - Cearta tomhaltóirí a ráthú (58 billiún euro)
 - An geilleagar comhoibríoch nó comhroinnte a chur chun cinn (50 billiún euro)
 - Aghaidh a thabhairt ar sheachaint cánach corparáide (85 billiún euro)
 - Calaois cánach breisluacha a chomhrac (40 billiún euro)
- (2) **Geilleagar digiteach** (178 billiún euro)
- An margadh aonair digiteach a chomhlánú (110 billiún euro)
 - Nascacht idirlín a chur chun cinn (58 billiún euro)
 - Cibearshlándaíl (10 mbilliún euro)
- (3) **Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta (AEA)** (322 billiún euro)
- Comhordú níos fearr an bheartais fhioscaigh (30 billiún euro)
 - An tAontas Baincéireachta a chomhlánú (75 billiún euro)
 - Scéim ráthaíochtaí taiscí comhchoiteann (5 bhilliún euro)
 - Scéim árachais dífhostaíochta comhchoiteann (17 mbilliún euro)
 - Margaí caipitil atá níos comhtháite a fhorbairt (137 billiún euro)
 - Táirge pinsin uile-Eorpach (58 billiún euro)
- (4) **Comhshaol, fuinneamh agus taighde** (502 billiún euro)
- An t-athrú aeráide (á mheas)
 - Reachtaíocht uisce neartaithe (25 billiún euro)
 - Margadh fuinnimh níos comhtháite le breis éifeachtúlachta fuinnimh (231 billiún euro)
 - Taighde agus nuálaíocht a chur chun cinn (40 billiún euro)
 - Róbataic agus intleacht shaorga (206 billiún euro)
- (5) **Iompar agus turasóireacht** (51 billiún euro)
- Limistéar Eorpach Aonair Iompair (6 bhilliún euro)
 - Forbairt beartas turasóireachta (6 bhilliún euro)
 - Cearta paisinéirí níos láidre (0.4 bhilliún euro)
 - Ionramháil odaiméadair i mótarfheithiclí (9 mbilliún euro)
 - Rialacha dliteanais agus árachas le haghaidh feithiclí uathrialaitheacha (30 billiún euro)
- (6) **Eoraip Shóisialta, fostaíocht agus sláinte** (142 billiún euro)
- An bhearna phá idir na hinscní a laghdú (43 billiún euro)
 - Faisnéis níos fearr agus dul i gcomhairle ar bhealach níos fearr le hoibrithe (12 billiún euro)
 - Fiontair shóisialta agus cumainn fhrithpháirteacha (15 billiún euro)
 - Aghaidh a thabhairt ar neamhionannas sláinte (72 billiún euro)
- (7) **Eoraip na Saoránach** (58 billiún euro)
- Saorghluaiseacht saoránach an Aontais atá gníomhach ó thaobh an gheilleagair de (53 billiún euro)
 - Cruthaitheacht agus ilchineálacht chultúrtha (0.5 bhilliún euro)

- Gníomhaíocht dheonach thrasteorann (0.06 bhilliún euro)
- Cosaint caidreamh leanaí, teaghlai agus maoine (0.6 bhilliún euro)
- Bunú agus soghluaisteacht cuideachtaí (0.26 bhilliún euro)
- Comhar dlíthiúil agus dlíthíocht in ábhair shibhialta agus thráchtála (4 bhilliún euro)
- Dlí an Aontais maidir le gnásanna riaracháin (0.02 bhilliún euro)

(8) Ceartas agus Gnóthaí Baile - Imirce agus teorainneacha (55 billiún euro)

- Imirce dhleathach (22 billiún euro)
- Beartas maidir le tearmann (23 billiún euro)
- Beartas rialaithe teorann agus víosaí (10 mbilliún euro)
- Saoránacht agus cónaitheacht trí scéimeanna infheistíochta (á meas)

(9) Ceartas agus Gnóthaí Baile - Slándáil agus cearta bunúsacha (125 billiún euro)

- Foréigean in aghaidh na mban a chomhrac (23 billiún euro)
- Cóir chomhionann agus neamh-idirdhealú (0.5 bhilliún euro)
- Coireacht eagraithe, éilliú agus cibearchoireacht a chomhrac (82 billiún euro)
- Gníomh comhordaithe in aghaidh na sceimhlitheoireachta (16 billiún euro)
- Cearta nós imeachta agus coinníollacha coinneála (0.2 bhilliún euro)
- Cosaint sonraí (3 bhilliún euro)

(10) Beartas seachtrach AE (67 billiún euro)

- Níos lú dúbailte i mbeartas slándála agus cosanta (22 billiún euro)
- Comhordú feabhsaithe an bheartais forbartha (9 mbilliún euro).
- Cosaint chonsalach chomhchoiteann feabhsaithe do shaoránaigh an Aontais (0.9 mbilliún euro)
- Trádáil idirnáisiúnta a chur chun cinn (35 billiún euro).

Anailís gheilleagrach

D'fhéadfaí tairbhí geilleagracha féideartha na dtionscnamh beartais éagsúla AE a bhfuil anailís déanta orthu anseo a thomhas i dtéarmaí OTI breise ginte nó coigilteas ar chaiteachas poiblí nó caiteachas eile, trí leithdháileadh níos éifeachtúla acmhainní sa gheilleagar trí chéile. Sampla de OTI breise ginte a bheadh san éifeacht iolraitheora fhéideartha a bheadh ag fairsingiú agus neartú an mhargaidh aonair dhigitigh ar scála ilchríochach le himeacht ama, nó go deimhin comhlánú breise an mhargaidh aonair reatha earraí agus seirbhísí. Sampla de níos mó éifeachtúlachta i gcaiteachas poiblí a bheadh i gcomhordú níos córasaí caiteachais i réimse an bheartais cosanta, lena n-áirítear soláthar comhpháirteach cosanta, áit a bhfuil dúbailtí nó mífheidhmiúlachtaí suntasacha le tabhairt faoi deara sna socrúithe atá ann faoi láthair. Sampla de chostais fhéideartha thodhchaí seachanta a bheadh sa tairbhe atá le baint as gníomhaíocht éifeachtach a áirithíonn athléimneacht an Aontais Baincéireachta teacht roimh aon ghéarchéimeanna baincéireachta nó fiachais cheannasaigh sa todhchaí, nó breis comhair i ndáil le himghabháil agus seachaint cánach a chomhrac.

Cuireann an anailís sa pháipéar seo, den chuid is mó, le sraith píosaí oibre níos mionsonraithe a rinne Aonad um Breisluach Eorpach EPRS le haghaidh coistí parlaiminteacha Eorpacha aonair le blianta beaga anuas. Is minic gur i bhfoirm *Measúnuithe Breisluacha Eorpacha* - a dhéantar an obair seo - a

ghabhann le tionscnaimh reachtacha fhoirmiúla atá molta ag Parlaimint na hEorpa - agus *Tuarascálacha Chostas na Neamh-Eorpa* in eárnálacha sonracha beartais. Dá réir sin, tá dlúthghaol idir rogha na réimsí taighde agus obair shonrach, nó iarrataí, nó seasamh beartais, atá léirithe ag coistí parlaiminteacha. Chomh maith leis sin, baineann sé leas as taighde eile, a rinne meithleacha machnaimh agus comhlachtaí acadúla seachtracha go neamhspleách, a bhaineann le hiarrataí eile a rinne an Pharlaimint ina tuarascálacha éagsúla reachtacha agus féintionscnaimh sa téarma parlaiminteach seo agus i dtéarmaí parlaiminteacha roimhe seo.

Is é atá mar aidhm leis an anailís mhionsonraithe i *gCostas na Neamh-Eorpa a Mhapáil, 2019-24* meastachán iontaofa a chur ar fáil maidir le méid na ngnóthachan intomhaiste féideartha do gheilleagar AE ó na tionscnaimh bheartais éagsúla atá liostaithe. Ní mhaítear go bhfuil tuartha beachta á ndéanamh, bunaithe ar shamhail gheilleagrach amháin, ach déantar iarracht léargas a thabhairt ar an ord méadaíochta a d'fhéadfadh a bheith ag gnóthachain éifeachtúlachta féideartha a d'fhéadfaí a réadú ó chomhghníomhaíocht sa 50 réimse beartais. Tá an anailís seo bunaithe ar obair ó fhoinsí éagsúla, a dtagraítear dóibh i bhfonótaí, le hipearnaisc go minic, agus déantar na sonraí a nuashonrú agus a bheachtú go rialta de réir mar a bhíonn fianaise nua ar fáil. Léirítear cúram i gcónaí nuair a bhíonn gnóthachain fhéideartha á meas. Nuair a bhíonn raon gnóthachan féideartha á mholadh i mbunstaidéar, roghnaítear an luach ísealraoin go minic, fiú má bhaineann féidearthacht shuntasach dhearfach leis an meastachán seo sa mheántéarma agus san fhadtéarma, ó éifeachtaí dinimiciúla nach furasta iad a chainníochtú. Chomh maith céanna, áit a mbaineann figiúirí go sonracha leis an mbliain ina ndearnadh an staidéar, ní gá go mbeidís boillsiú-choigeartaithe, rud a raibh meastachán faoin luach ar ghnóthachain fhéideartha mar thoradh air i gcásanna áirithe.

Tá cur chuige Parlaimint na hEorpa i réimse chostas na neamh-Eorpa ag teacht le taighde geilleagrach comhthreomhar atá déanta ag an bpobal acadúil agus ag meithleacha machnaimh ar bhonn níos ginearálta, i ndáil le beartais AE ar leith agus na tairbhí níos ginearálta a bhaineann le ballraíocht AE. Mar shampla, rinneadh iarracht i staidéar a chuir triúr eacnamaithe i dtoll a chéile (Campos, Coricelli agus Moretti) in 2014¹, ar tarraingíodh aird an phobail air, na tairbhí geilleagracha a bhaineann le ballraíocht AE don 19 mBallstát a d'aontaigh don Aontas sna méaduithe comhleanúnacha idir 1973 agus 2004, a chainníochtú. Cé go mb'fhéidir go mbeadh éagsúlacht le tabhairt faoi deara i méid agus i nádúr an ghnóthachain gheilleagraigh ag brath ar an mBallstát, agus go n-eascródh sé go príomha as tosca difriúla i ngach cás - as léirscaoileadh trádála laistigh den Aontas (don 10 mBallstát atá páirteach ó 2004), as an margadh aonair (don Ríocht Aontaithe), as an airgeadra aonair (d'Éirinn) nó as táirgiúlacht saothair (don Fhionlainn, don tSualainn agus don Ostair) - ba é an chonclúid fhoriomlán go raibh an t-ioncam náisiúnta 12% níos airde ar an meán cheana féin sna tíortha sin ná mar a bheadh, mar thoradh ar bhallraíocht agus ar an lánpháirtíocht gheilleagrach ghaolmhar. Fuarthas amach sa staidéar seo freisin go mbíonn gnóthachain den sórt sin buan go ginearálta agus go mbíonn sé de nós acu dul i méid le himeacht ama.

Thug an Banc Eorpach Infheistíochta (BEI) faoi anailís chórasach ar an tionchar a bheidh ag a ghníomhaíocht iasachtaí a fháil agus a thabhairt ar OTI AE, a ríomhann sé a bheidh 2.3% níos airde faoi 2020 ná mar a bheadh sé mura mbeadh a leithéid de ghníomhaíocht i ndiaidh tarlú, agus is ionann gníomhaíocht CEIS agus 0.7% den fhigiúr de 2.3% sin. Mar an gcéanna, tá sé measta ag Airmheán Comhpháirteach Taighde an Choimisiúin Eorpaigh go mbeidh OTI foriomlán an Aontais méadaithe 0.7%, agus go mbeidh an tionchar ag thart ar 2.7% ar an meán i réigiúin bheagfhorbartha an Aontais, mar thoradh ar thionchar bheartas chomhtháthaithe AE sa tréimhse idir 2007 agus 2015.

¹ N Campos, F Coricelli agus L Moretti, 'Economic Growth and Political Integration: Estimating the Benefits from Membership in the European Union using the Synthetic Counterfactuals Method', Páipéar Plé IZA Uimh. 8162, Bealtaine 2014.

Anthony Teasdale

Ard-Stiúrthóir,
Seirbhís Taighde Pharlaimint na hEorpa (EPRS).

Aibreán 2019.

Achoimre ar ghnóthachain gheilleagracha fhéideartha in 50 réimse beartais AE

(1) **Margadh aonair clasaiceach** (713 billiún euro)

- An margadh aonair le haghaidh earraí a chomhlánú (183 billiún euro)
- An margadh aonair le haghaidh seirbhísí a chomhlánú (297 billiún euro)
- Cearta tomhaltóirí a ráthú (58 billiún euro)
- An geilleagar comhoibríoch a chur chun cinn (50 billiún euro)
- Aghaidh a thabhairt ar sheachaint cánach corparáide (85 billiún euro)
- Calaois cánach breisluacha a chomhrac (40 billiún euro)

➤ **An margadh aonair le haghaidh earraí a chomhlánú:** Tá an margadh aonair le haghaidh earraí ag croílár an mhargaidh aonair Eorpaigh agus bhí ról lárnach aige i mbordadh suntasach a chur faoi OTI AE - borradh idir 6% agus 8% de réir na meastachán is déanaí - breis is 30 bliain ó seoladh clár an mhargaidh aonair in 1985. I láthair na huaire, gineann trádáil earraí thart ar aon cheathrú de OTI AE agus thart ar thrí cheathrú de thrádáil laistigh den Aontas: ríomhann OECD go bhfuil sé seo thart ar 60% níos airde ná an céatadán a bheadh i gceist murach gur ann don mhargadh aonair agus don aontas custaim. Tugann taighde atá déanta ag PE le fios go bhféadfadh tuilleadh gníomhaíochta sa réimse sonrach seo - trí ghlacadh go leanúnach le rialacha táirgí comhchuibhithe, cur chun feidhme níos leithne phrionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh (cibé áit nach ann do rialacha den sórt sin), trasuí agus cur chun feidhme níos fearr dhlí an Aontais atá ann cheana féin, agus/nó leigheasanna níos tapa le haghaidh neamh-fhorfheidhmiú chur chun feidhme dhlí an Aontais atá ann cheana féin - borradh idir 1.2% agus 1.7% de OTI AE, nó **idir €183 agus €269 billiún** a chur faoi gheilleagar AE. Meastar i staidéar a rinne eagraíochtaí eile go bhfuil an figiúr seo cothrom le idir 0.2% agus 4.7% de OTI AE. Is deimhniú é an fhíríc go bhfuil trádáil earraí laistigh den AE, ag thart ar 25% de OTI, ar an bpoitéinseal atá ann do thuilleadh dul chun cinn, figiúr atá fós go maith faoina bhfuil le tabhairt faoi deara i margadh comhtháite ilchríochach, eadhon Na Stáit Aontaithe, áit a bhfuil ionadaíocht á déanamh aige ar thart ar 40% den gheilleagar.

➤ **An margadh aonair le haghaidh seirbhísí a chomhlánú:** Is as an earnáil seirbhísí a eascraíonn trí cheathrú de OTI AE agus naoi as gach deich bpost a chruthaítear sa gheilleagar. Níl an cion seirbhísí i dtrádáil laistigh de AE fós cothrom ach le thart ar 20%, áfach, figiúr ar cúis iontais chomh híseal is atá sé. Rinneadh dul chun cinn trí Threoir AE um Sheirbhísí in 2006, lenar bunaíodh an creat le haghaidh margadh aonair agus a chumhdaíonn thart ar dhá thrian de ghníomhaíocht seirbhísí laistigh den Aontas. Tá rialacháin náisiúnta fós i bhfeidhm in go leor earnálacha, áfach, agus tá éagsúlacht mhór le tabhairt faoi deara san oscailteacht atá le brath sna gairmeacha rialaithe, ag cur teorann leis an rogha atá ar fáil do thomhaltóirí agus ag coimeád praghsanna níos airde ná mar a bheidís seachas sin. Tugtar le fios in anailís a rinne an Coimisiún Eorpach go bhfuil dhá thrian den ghnóthachan féideartha fadtéarmach a bheadh mar thoradh ar an margadh aonair seirbhísí a chomhlánú fós le réadú. Tugtar le fios i dtaighde a rinne PE go bhféadfadh an gnóthachan féideartha neamhréadaithe a bheith cothrom le thart ar **€297 billiún** nó gar do 2% de OTI AE. Tagraíonn taighde comhthreomhar do ghnóthachan idir 0.6% agus 5.6% de OTI AE, ag brath ar an sainmhíniú ar sheirbhísí a áirítear ann.

➤ **Cearta tomhaltóirí a ráthú:** Tá cearta áirithe ag saoránaigh Eorpacha chun cosaint tomhaltóirí, cearta nach mbíonn soiléir i gcónaí nó infheidhmithe go hiarbhrí. Ní mór go mbeadh a fhios ag

tomhaltóirí go bhfuil siad á gcosaint go leordhóthanach roimh, i rith agus i ndiaidh conarthaí gnó-go-tomhaltóir a thabhairt i gcrích má tá an margadh aonair le feidhmiú go cothrom agus go héifeachtach. Bheadh leathnú agus cur chun feidhme níos fearr dhlí an Aontais atá ann cheana féin, cosúil leis an Treoir um Chreidmheas do Thomhaltóirí, lena n-áirítear droch-chleachtais áirithe a dhíothú - daoine ag ceannach ráthaíochtaí tráchtála a bhfuil siad ina dteideal sa dlí cheana féin, mar shampla - mar bhonn le breis cinnteachta, iomaíocht níos cothroime agus costais chomhlíonta agus dlíthíochta níos ísle. Meastar i dtaighde a rinne PE go mbeadh gnóthachan éifeachtúlachta féideartha de thart ar **€58 billiún** in aghaidh na bliana mar thoradh ar shraith theoranta beart sa réimse seo, agus tugtar le fios i staidéar a rinne an Coimisiún Eorpach le déanaí go mbeadh an cailteanas do thomhaltóirí i sé mhargadh, i gcostais dhíreacha nó am curtha amú, cothrom le idir €20 agus €58 billiún in aghaidh na bliana.

- **An geilleagar comhoibríoch a chur chun cinn:** Tá an geilleagar comhoibríoch nó comhroinnte ag forbairt go tapa agus ag tabhairt dúshlán samhlacha gnó i roinnt codanna den gheilleagar. Tá sé bunaithe ar ardáin chomhoibríocha a chruthaíonn margadh oscailte d'úsáid shealadach earraí agus seirbhísí, a chuireann daoine príobháideacha ar fáil go minic. Sainithnítear i dtaighde PE go bhfuil na gnóthachain gheilleagracha fhéideartha fhadtéarmacha ó bheartais chánach agus rialála níos fearr ar leibhéal AE san earnáil seo cothrom le thart ar **€50 billiún** in aghaidh na bliana, bunaithe ar chur chun feidhme níos soiléire agus níos comhsheasmhaí beartas iomaíochta, dlí cánach, agus rialachán mhargadh an tsaothair agus dálaí oibre, mar shampla.
- **Aghaidh a thabhairt ar sheachaint cánach corparáide:** Tarraingíodh aird sna rúin a scaoileadh i bPáipéir Phanama agus i gComhaid Sceite Lucsamburg le déanaí ar an ngá atá ann go dtabharfadh AE agus a Bhallstáit tosaíocht níos airde d'imghabháil cánach a chomhrac, seachaint cánach agus pleanáil chánach ionsaitheach, agus breis comhair agus trédhearcachta a fhorbairt sna réimsí seo, go háirithe trína áirithiú go n-íoctar cánacha corparáide áit a gcruthaítear luach. D'fhéadfadh go mbeadh cailteanais ioncaim chánach don AE mar thoradh ar aistriú brabúis, pleanáil ionsaitheach cánach corparáide agus rialachán cost-neamhéifeachtach, cothrom le idir €223 billiún agus €293 billiún, nó €258 billiún ar an meán, in aghaidh na bliana, agus d'fhéadfadh sé leithdháileadh acmhainní sa gheilleagar a shaobhadh. Ag cur na mbeart atá á gcur chun feidhme cheana féin san áireamh, fiú mura bhféadfaí ach aon trian de na meánchailteanais fhéideartha a ghnóthú trí bhreis tionscnamh a bhfuil an Pharlaimint ag tacú leo, ghinfeadh sé seo **€85 billiún** in aghaidh na bliana in ioncam breise le haghaidh údaráis chánach náisiúnta.
- **Calaois CBL a chomhrac:** Tá ioncam a cailleadh d'airgeadas poiblí mar gheall ar neamhchomhlíonadh nó ar neamhbhailiú cánach Cháin Bhreisluacha (CBL) in AE - ar a dtugtar 'an bhearna CBL' - cothrom le beagnach €150 billiún. Tá trádáil thrasteorann díolmhaithe ó CBL agus dá réir sin is bealach éalaithe é d'oibreoirí neamhscrupallacha CBL a bhailiú agus ansin imeacht leo gan an t-airgead a íoc leis na húdaráis chánach. Meastar gurb iad grúpaí coiriúla eagraithe is cúis le €40-60 billiún de chailteanais ioncaim bhliantúla CBL Ballstát agus go bhfuil 2% de na grúpaí sin freagrach as 80% de chalaouis an trádálaí ar iarraidh laistigh den Chomhphobal (MTIC). Chabhródh tograí an Choimisiúin Eorpaigh, le tacaíocht PE, chun calaois thrasteorann a laghdú suas le 80%, nó thart ar **€40 billiún** in aghaidh na bliana, mar aon le hidirbhearta thrasteorann níos furasta agus costais níos ísle do ghnóthaí agus don phobal.

(2) **Geilleagar digiteach** (178 billiún euro)

- An margadh aonair digiteach a chomhlánú (110 billiún euro)
- Nascacht idirlín a chur chun cinn (58 billiún euro)
- Cibearshlándáil (10 mbilliún euro)

- **An margadh aonair digiteach a chomhlánú:** Tá éagsúlacht le tabhairt faoi deara sna meastacháin ar an tionchar fadtéarmach a d'fhéadfadh a bheith ag comhlánú rathúil an mhargaidh aonair dhigitigh san Eoraip ar OTI AE, ach léirítear san anailís ar fad gur tionchar suntasach a bheadh i gceist. Agus úsáid á baint as samhlacha difriúla, tá meastachán déanta ag Airmheán Comhpháirteach Taighde an Choimisiúin Eorpaigh agus ag ECFIN an Choimisiúin Eorpaigh ar an tairbhe fhéideartha, idir €85 billiún agus €256 billiún in aghaidh na bliana - nó 0.6% agus 1.9% faoi seach de OTI AE - agus luaigh Institiúid Dhomhanda McKinsey figiúr de thart ar €375 billiún in aghaidh na bliana, agus in 2014 moladh figiúr de €415 billiún in aghaidh na bliana i dtaighde PE. Tá éagsúlacht le tabhairt faoi deara i sainmhíniú agus i raon an mhargaidh aonair dhigitigh sna staidéir a rinneadh, agus sa mhodheolaíocht a úsáideadh chomh maith. I measc na réimsí a chuimsítear go minic tá ríomhthráchtáil, ríomhsholáthar, ríomhíocaíochtaí, ríomhshonrascadh, ríomhrialtas, néalríomhaireacht agus córais réitigh díospóidí ar líne agus malartacha. (Áirítear nascacht idirlín i roinnt staidéar agus ní áirítear é i staidéir eile: féach thíos). I roinnt de na réimsí seo, tá tograí reachtacha tugtha ar aghaidh ag an gCoimisiún Eorpach ó shin, agus tá glactha ag reachtóirí AE le cuid acu anois. Dá réir sin, meastar go bhfuil an figiúr inréadaithe don deich mbliana amach romhainn, chun críche na hanailíse seo, cothrom le thart ar **€110 billiún euro**, ach d'fhéadfadh go mbeadh sé níos airde.
- **Nascacht idirlín a chur chun cinn:** De réir na meastachán tá an borradh fadtéarmach féideartha do OTI AE ó bheartais ar leibhéal Eorpach chun nascacht idirlín feabhsaithe a chur chun cinn - go háirithe trí imlonnú leathanbhanda ardluais gan sreang agus rolladh amach níos tapa leathanbhanda ardluais fosaithe - cothrom le 0.8% de OTI i ndiaidh tréimhse tionscnaimh 30 bliain. Ag glacadh leis go mbeidh tionchar dearfach 0.4% de OTI aige sna deich mbliana amach romhainn, bheadh an borradh i ngeilleagar na hEorpa cothrom le thart ar **€58 billiún** in aghaidh na bliana.
- **Cibearshlándaíl:** Baineann tábhacht le cibearthimpeallacht shlán a chur ar fáil chun rannpháirtíocht gan bhac agus sábháilte saoránach a ráthú in go leor gnéithe den ré dhigitigh: tugtar le fios i bpopalbhreitheanna gur dóigh le thart ar 87% d'Eorpaigh gur dúshlán tábhachtach é cibearchoireacht agus (in 2016) b'éigean do 80% de chuideachtaí Eorpacha déileáil le cibirtheagmhas amháin, ar a laghad. Tríd an gcreat dlíthiúil agus beartais atá ann faoi láthair maidir le cibearshlándaíl a uasdátú ar an mbealach a bhfuil institiúidí AE ag tacú leis, is féidir gnóthachan éifeachtúlachta a ghiniúint do gheilleagar na hEorpa ar fiú **€10 mbilliún**, ar a laghad é, bunaithe ar na ríomhanna a rinne an Coimisiún Eorpach.

(3) Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta (322 billiún euro)

- Comhordú níos fearr an bheartais fhioscaigh (30 billiún euro)
 - An tAontas Baintéireachta a chomhlánú (75 billiún euro)
 - Scéim ráthaíochtaí taiscí comhchoiteann (5 bhilliún euro)
 - Scéim árachais dífhostaíochta comhchoiteann (17 mbilliún euro)
 - Margaí caipitil níos comhtháite a fhorbairt (137 billiún)
 - Táirge pinsin uile-Eorpach (58 billiún)
- **Comhordú níos fearr an bheartais fhioscaigh:** Mura bhfuil beartais fhioscacha náisiúnta á gcomhordú go héifeachtach, d'fhéadfadh go mbeadh éifeachtaí suntasacha diúltacha 'iarmhartacha' idir na Ballstáit an Aontais Eorpaigh atá ag glacadh páirte san Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta (AEA), agus ar fud gheilleagar na hEorpa trí chéile, sa chás go dtarlaíonn dian-ghéarchéim. Cuireann comhordú fioscach níos fearr le hinbhuanaitheacht agus le hathléimneacht Ballstát agus le muinín agus le dlúthpháirtíocht eatarthu, agus ba cheart go mbeadh éifeacht fhritimthriallach aige, a cheadódh lamháil inlíochta níos mó le haghaidh

tíortha a bhfuil tionchar ag cailleanais shuntasacha aschuir orthu i gcás cor chun donais. Tugtar le fios i dtaighde PE go bhféadfadh an gnóthachan éifeachtúlachta bliantúla féideartha de chomhordú feabhsaithe beartas fioscach laistigh den Aontas Eorpach a bheith cothrom le thart ar **€30 billiún** ar bhonn bliantúlaithe.

- **An tAontas Baincéireachta a chomhlánú:** Is é an aidhm atá le hAontas Baincéireachta AE cobhsaíocht airgeadais a chosaint san Eoraip, go háirithe an fainne fí idir na bainc agus costais iasachtaithe fiachas ceannasach a bhriseadh. Ina theannta sin, cabhraíonn sé chun ilroinnt reatha mhargaí airgeadais na hEorpa a laghdú, trí chreat aonair a chur chun cinn le haghaidh maoirseacht, cosc agus réiteach. Bunaithe ar fhothaí an leabhair rialacha aonair, tá dhá phríomhbhloc tógála Aontas Baincéireachta éifeachtach - an sásra maoirseachta aonair agus an sásra réitigh aonair - i bhfeidhm anois. Ag cur an dul chun cinn a rinneadh san áireamh, tugtar le fios i dtaighde PE gur féidir thart ar **€75 billiún** de ghnóthachain fhéideartha (nó gar do 0.5% de OTI AE) a réadú sa réimse seo go fóill. Tugtar le fios i dtaighde eile go bhféadfadh gnóthachain ghilana mhaicreacnamaíocha de idir €35 agus €130 billiún in aghaidh na bliana a bheith mar thoradh ar an Aontas Baincéireachta a chomhlánú.
- **Scéim ráthaíochtaí taiscí comhchoiteann:** Cé go bhfuil scéim ráthaíochtaí taiscí náisiúnta (SRTanna) i bhfeidhm cheana féin agus go soláthraíonn siad cosaint le haghaidh taiscí faoi chumhdach suas le €100,000, níl scéim chomhchoiteann Eorpach ag tacú leo. Sholáthródh scéim ráthaíochtaí taiscí comhchoiteann, i bhfoirm Scéim Eorpach Árachais Taiscí (SEÁT), cumhdach árachais níos láidre agus níos aonfhoirmí ar fud limistéar an euro agus laghdódh sé leochaileacht scéimeanna ráthaíochtaí taiscí náisiúnta do thuariteanna móra áitiúla. Tugtar le fios i dtaighde PE go bhfuil an meánchostas bliantúil a bhaineann le bheith gan SEÁT, ag cur an teitheadh laghdaithe féideartha taiscí ó bhainc san Aontas Eorpach i gcás dian-ghéarchéim cheannasach nó airgeadais san áireamh, cothrom le thart ar **€5 bhilliún** ar bhonn bliantúlaithe.
- **Margaí caipitil níos comhtháite:** Tá an tAontas Eorpach ag déanamh dul chun cinn i dtreo Aontas Margaí Caipitil níos comhtháite a fhorbairt, agus é mar aidhm aige cur leis na malairtí iasachtaithe atá ar fáil do chuideachtaí, gnólachtaí nuathionscanta agus FBManna go háirithe. Tá thart ar 75% de ghnólachtaí fós ag brath ar bhainc le haghaidh maoiniú seachtrach, áfach. Cheadódh margadh caipitil níos comhtháite rochtain níos fearr ar stocmhargaí, agus ní bheadh ar infheisteoirí déileáil leis an méid céanna bacainní nuair a bhíonn infheistíocht á déanamh acu i dtíortha eile den Aontas Eorpach. Bheadh teaghlach san Aontas Eorpach in ann an oiread tairbhe agus is féidir a bhaint as a gcoigilteas agus bheadh níos mó deiseanna infheistíochta acu. Mar thoradh air sin, d'fhéadfadh an tAontas Eorpach a mheánfheidhmíocht fhéideartha fáis a fheabhsú agus bheadh sé níos éasca caipiteal a chur i dtreo na n-infheistíochtaí is táirgiúla agus is nuálaí. Chomh maith leis sin, chuirfeadh comhtháthú agus forbairt feabhsaithe margaí caipitil luach leis an Aontas Baincéireachta, mar go n-éascaíonn siad coigeartú geilleagraich agus go gcabhraíonn siad le hathléimneacht gheilleagraich a mhéadú. Meastar i dtaighde PE go bhféadfadh na tairbhí féideartha a bhaineann le margaí caipitil níos comhtháite agus arna rialú ar bhealach níos éifeachtaí san Aontas Eorpach a bheith cothrom le thart ar **€137 billiún** in aghaidh na bliana.
- **Scéim chomhchoiteann íosta dífhostaíochta:** D'fhéadfadh cruthú scéim chomhchoiteann árachais dífhostaíochta do limistéar an euro feidhmiú mar chobhsaitheoir uathoibríoch i rith aon tréimhsí de dhianchor chun donais gheilleagraigh amach anseo. Dá mbeadh scéim den sórt sin i bhfeidhm i rith ghéarchéim gheilleagraich agus airgeadais 2008, tugtar le fios i dtaighde PE go mbeadh ioncam teaghlach cobhsaithe trí spreagadh dhea-spríocdhírith a sheachadadh, agus go mbeadh an cailleanas OTI sna Ballstáit is measa a bualadh i limistéar an euro, laghdaithe thart ar €71 billiún thar thréimhse ceithre bliana, combhionann le thart ar **€17 billiún** in aon bhliain amháin.
- **Táirge pinsin uile-Eorpach:** D'áirithigh córais na bpinsean, agus go háirithe scéimeanna na bpinsean poiblí, go bhfuil formhór na ndaoine níos sine i bhformhór tíortha an Aontais Eorpaigh cosanta i gcoinne riosca na bochtaineachta. Sa lá atá inniu ann, féadfaidh daoine a

shroicheann 65 bliain d'aois a bheith súil leis go mairfidh siad ar feadh 20 bliain eile. Bunaithe air sin agus ar chúiseanna eile, spreagann Ballstáit tiomargadh coigiltis pinsin phríobháidigh mar bhealach chun an t-ualach a chruthaíonn daonraí atá ag dul in aois do scéimeanna slándála sóisialta a laghdú agus chun cur le sochair phinsin poiblí. D'fhéadfadh gur tairiscint mhealltach a bheadh i dtáirge pinsin phearsanta uile-Eorpach (PEPP), go háirithe i gcás daoine óga agus daoine féinfhostaithe, agus go háirithe i mBallstáit ina bhfuil córais thearcfhorbartha ghairme agus/nó pinsin phríobháidigh. Tugtar le fios i meastacháin atá déanta go bhféadfadh tús a chur le PEPP cur le thart ar leath den fhás i margadh na bpinsean pearsanta san Aontas Eorpach idir anois agus 2030, fás a bheadh cothrom le figiúr de thart ar €700 billiún nó **€58 billiún** ar an meán in aghaidh na bliana.

(4) Comhshaol, fuinneamh agus taighde (502 billiún euro)

- An t-athrú aeráide (á mheas)
 - Reachtaíocht uisce neartaithe (25 billiún euro)
 - Margadh fuinnimh níos comhtháite le breis éifeachtúlachta fuinnimh (231 billiún euro)
 - Taighde agus nuálaíocht a chur chun cinn (40 billiún euro)
 - Róbataic agus intleacht shaorga (206 billiún euro)
- **An t-athrú aeráide:** San Eoraip amháin, creidtear gur fiú breis is €436 billiún na cailteanais iomlána thuairiscithe gheilleagracha mar thoradh ar phatrúin adhamsire agus forbairtí eile a bhaineann leis an aeráid ó 1980 i leith. Tugtar le fios i dtaighde a rinneadh le déanaí, taighde nach bhfuil uileghabhálach, ar chostas an athraithe aeráide go bhféadfadh na tairbhí féideartha do gheilleagar AE ó bheartais mhaolaithe atá beartaithe faoi láthair a bheith cothrom le thart ar **€160 billiún** in aghaidh na bliana. Comhfhreagraíonn sé seo don chaillteanas breise, i dtéarmaí leas tomhaltóirí, a d'fhéadfaí a thabhtú má ardaíonn teocht an domhain níos mó ná dhá chéim Celsius roimh dheireadh na haoise, agus nach mbainfí amach spriocanna beartais aeráide AE, a bhfuil PE agus institiúidí AE eile ag tacú leo. Ní áirítear an figiúr seo i gcleachtadh reatha *Chostas na Neamh-Eorpa a Mhapáil*, mar go mbaineann sé le costas neamhghnóthachtáil bheartas AE atá bunaithe agus go ndéantar é a thomhas thar amscála i bhfad níos faide ná mar atá i gceist le haghaidh aon bheartas eile atá á bhreithniú. Tá measúnú gníomhach á dhéanamh air seo, áfach, agus tarraingíonn sé aird go soiléir ar an mbreisluach atá le baint ag saoránaigh Eorpacha as gníomhaíocht chomhleanúnach ar leibhéal AE sa réimse beartais seo.
- **Reachtaíocht uisce neartaithe:** Cuid thábhachtach de gheilleagar éifeachtúil agus inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de é úsáid agus bainistíocht éifeachtach uisce. Tá rioscaí á gcruthú do shaoránaigh, áfach, mar gheall ar infheistíocht uireasach agus réim rialála neamhiomlán san earnáil mar aon le fadhbanna leanúnacha leis an mbonneagar uisce, glaineacht an uisce agus bainistíocht riosca tuilte. Tugtar le fios i dtaighde PE go bhféadfadh gníomhaíocht spriocdhírithé AE i gceithre réimse shonracha - cabhrú chun na tuilemhánna a athchóiriú, iarmhar cógaisíochta i bhfuíolluisce uirbeach a laghdú, úsáid trealamh fuíolluisce níos éifeachtúla a chur chun cinn, agus méadrú uisce a mhéadú - a bheith mar bhonn le gnóthachan éifeachtúlachta de thart ar **€25 billiún** in aghaidh na bliana do gheilleagar na hEorpa.
- **Margadh fuinnimh níos comhtháite le breis éifeachtúlachta fuinnimh:** Ainneoin dul chun cinn suntasach a bheith déanta le blianta beaga anuas, tá scóip ann fós chun margadh fuinnimh AE atá comhtháite go hiomlán a réadú, mar go bhfuil easpa comhordaithe agus bacainní rialála fós ag cur srian ar iomaíocht. Dá bharr sin, níl ach roghanna teoranta soláthróra fós ar fáil do go leor tomhaltóirí agus níl ar a gcumas tairbhe a bhaint as praghsanna fuinnimh níos ísle. Chomh maith leis sin, ba cheart go mbeadh teaghlaigh agus gnóthaí in ann a bheith páirteach go hiomlán san

aistriú fuinnimh, a dtomhaltas a bhainistiú agus ag an am céanna tairbhe a bhaint as teicneolaíocht chliste bainistithe éileamh agus faisnéis thrédhearcach. I ndeireadh na dála, chuirfeadh infheistíochtaí chun úsáid níos éifeachtúla a bhaint as fuinneamh borradh faoi OTI AE mar aon le cabhrú le billí fuinnimh na hEorpa a laghdú, slándáil soláthair a mhéadú, agus cabhrú chun an comhshaol a chosaint. Bunaithe ar thaighde PE agus ar thaighde eile, tá sé réasúnta a bheith ag súil leis go bhféadfadh margadh fuinnimh níos comhtháite OTI féideartha a mhéadú suas le €29 billiún in aghaidh na bliana agus d'fhéadfadh cur chun feidhme iomlán bhearta éifeachtúlachta fuinnimh AE a bheith mar bhonn le gnóthachain bhreise de thart ar €202 billiún in aghaidh na bliana. Dá réir sin, d'fhéadfadh margadh níos comhtháite le héifeachtúlacht fuinnimh níos mó tairbhí féideartha de suas le **€231 billiún** in aghaidh na bliana a ghiniúint.

- **Taighde agus nuálaíocht a chur chun cinn:** Tá ról lárnach ag taighde agus nuálaíocht (T&N) rathúil i rathúnas geilleagrach agus i bhforbairt inbhuanaithe. Cé gurb é AE a sholáthraíonn an cúigiú cuid d'infheistíocht an domhain i dtaighde agus forbairt (T&F), tá níos mó á infheistiú go comhréireach ag iomaitheoirí agus ag príomh-chomhpháirtithe trádála an Aontais: in 2015, sháraigh gníomhaíocht T&F na Síne gníomhaíocht T&F AE28, le caiteachas de bhreis ar 2.0% de OTI, cé go bhfuil na figiúirí do na Stáit Aontaithe agus don tSeapáin faoi seach beagán faoi bhun agus sa bhreis ar 3.0%. In 2018, chuir an Coimisiún Eorpach togra chun cinn le haghaidh clár taighde agus nuálaíochta AE a bhí níos forbartha. Bunaithe ar na torthaí atá ar fáil agus trí úsáid a bhaint as ionsamhlúcháin mhaicreacnamaíochta éagsúla, d'fhéadfadh an clár atá molta a bheith mar bhonn le gnóthachain éifeachtúlachta fhéideartha de suas le **€40 billiún** in aghaidh na bliana.
- **Róbataic agus intleacht shaorga:** Baineann poitéinseal geilleagrach ollmhór don AE le fás na róbataice agus na hintleachta saorga (IS). Má dhéantar iad a rialú go cuí, d'fhéadfadh impleachtaí dearfacha a bheith acu ar dhaoine aonair agus ar an tsochaí trí chéile, cáilíocht na beatha, na sláinte agus an chomhshaoil a fheabhsú, agus deiseanna nua gnó a chur ar fáil do shaoránaigh, deiseanna a bheidh in ann tacú le fás geilleagrach. Meastar go bhféadfadh tionchar domhanda geilleagrach fhorbairt na róbataice agus IS a bheith cothrom le idir €2 agus €12 trilliún faoi 2030. D'fhéadfadh beartais AE iomchuí chun na teicneolaíochtaí nua seo a chur chun cinn agus a rialú cabhrú chun gnóthachan éifeachtúlachta féideartha de **€206 billiún** in aghaidh na bliana a réadú do gheilleagar na hEorpa.

(5) **Iompar agus turasóireacht** (51 billiún euro)

- Limistéar Eorpach Aonair Iompair (6 bhilliún euro)
 - Forbairt beartas turasóireachta (6 bhilliún euro)
 - Cearta paisinéirí níos láidre (0.4 bhilliún euro)
 - Ionramháil odaiméadair i mótarfheithiclí (9 mbilliún euro)
 - Rialacha dliteanais agus árachas le haghaidh feithiclí uathrialaitheacha (30 billiún euro)
- **Limistéar Eorpach Aonair Iompair:** Ainneoin dul chun cinn suntasach a bheith déanta le 20 bliain anuas chun margadh aonair iompair a chruthú, tá an earnáil fós ag déileáil le bacainní go leor a ghineann costais shuntasacha bhreise a bhfuil tionchar acu ar an gcomhshaol, sábháilteacht, sláinte an duine, agus iomaíochas an gheilleagair. Tugtar le fios i dtaighde PE go bhfuil an poitéinseal ag deireadh a chur le neamhéifeachtúlachtaí san earnáil iompair gnóthachain bhliantúla de **€5.7 billiún** ar a laghad a bhaint amach do gheilleagar na hEorpa. Tríd an méid sin a dhéanamh, chuirfí feabhas ar shoghluaisteacht do shaoránaigh, chuirfí feabhas ar inbhuanaitheacht chomhshaoil, chinnteofaí nascacht níos fearr laistigh de AE agus breis iomaíochais idirnáisiúnta.

- **Forbairt beartas turasóireachta:** Cé gurb é AE an príomhcheann scríbe do thurasóirí ar domhan ionann agus thart ar 40% de na cuairteanna idirnáisiúnta iomlána - tá go leor dúshlán le sárú ag an tionscal turasóireachta agus tá neamhéifeachtúlachtaí margaidh éagsúla ag cur bac ar an earnáil. Tugtar le fios i dtaighde PE gur féidir tuilleadh tairbhí a bhaint amach trí dhíriú ar na hearnálacha lena mbaineann an poitéinseal is mó de ghnóthachain éifeachtúlachta ó bhreis gníomhaíochta AE, cosúil le forbairt FBManna san earnáil bhia a chur chun cinn, mar aon le cóiríocht ar ardchaighdeán a chur ar fáil, rudaí a bheidh mar bhonn le tairbhí féideartha de **idir €5.7 agus €6.8 billiún** in aghaidh na bliana.
- **Cearta paisinéirí níos láidre:** Tá paisinéirí AE atá ag taisteal san aer, ar an mbóthar (bus), ar iarnród agus ar uisce (an fharraige agus uiscebhealach intíre) á gcosaint ag creat reachtach sonrach, nach bhfuil a mhacasamhail le fáil ar domhan. Ní mór déileáil fós, áfach, le dúshlán shuntasacha dhlíthiúla agus phraiticiúla sa chomhthéacs seo agus i ndáil le forfheidhmiú na gceart seo. Áirítear ina measc seo difríochtaí sa leibhéal cosanta ó mhodh iompair go modh iompair, cásanna a bhaineann le cearta paisinéirí gan a bheith á gcur chun feidhme, agus gan ach beagán tuisceana a bheith ag daoine ar chearta den sórt sin. Tugtar le fios i dtaighde PE go bhféadfadh go mbeadh an costas do shaoránaigh agus do ghnóthaí a eascraíonn as easpa creat comhdhlúite le haghaidh cearta paisinéirí in AE cothrom le thart ar **€355 milliún** ar a laghad in aghaidh na bliana.
- **Ionramháil odaiméadair i mótarfheithiclí:** Tá odaiméadair - (an uirlis a thomhaiseann an t-achar taistealta ag feithicil) - a bhfuil ionramháil neamhdhleathach déanta orthu le fáil in suas le 50% de charranna athlámhe a dhíoltar i mBallstáit an Aontais Eorpaigh. Is é an aidhm atá leis an ionramháil seo margadhluach na feithicle a ardú. Tá ráta i bhfad níos airde d'odaiméadair a bhfuil ionramháil déanta orthu le fáil i gcarranna iompórtáilte, agus bíonn líon na gciliméadar cloig níos airde sna carranna sin freisin ná mar a bhíonn i gcarranna a dhíoltar ar mhargáil náisiúnta. Tugtar le fios i dtaighde PE go bhfuil na costais gheilleagracha iomlána a bhaineann le calaois odaiméadair i gcarranna athlámhe a díoladh trasna na teorann in AE cothrom le €1.3 billiún ar a laghad in aghaidh na bliana, agus go bhfuil an cás ráta calaoise is dóchúla cothrom le caillteanas geilleagrach de **€8.8 billiún**.
- **Rialacha dliteanais agus árachas le haghaidh feithiclí uathrialaitheacha:** Beidh tionchar ollmhór ar an tóir atá ar fheithiclí nasctha agus uathrialaitheacha (FUanna) anois ar an earnáil mótarfheithiclí agus beidh tairbhí suntasacha socheacnamaíocha le tabhairt faoi deara freisin. Faoin mbliain 2050, d'fhéadfadh feithiclí uathrialaitheacha a bheith mar bhonn le €17 trilliún a chruthú do gheilleagar na hEorpa. Glactar leis go coitianta go mbeadh an poitéinseal ag FUanna beatha daoine a shábháil, an costas airgeadais a bhaineann le timpistí cairr a laghdú, soghluaisteacht uirbeach a fheabhsú, plódú agus tionchair dhiúltacha chomhshaoil a laghdú, foirmeacha níos cuimsithí de shoghluaisteacht a chur ar fáil do dhaoine scothaosta agus do dhaoine a bhfuil riachtanais speisialta acu, agus táirgiúlacht a mhéadú. Meastar i dtaighde PE go bhféadfaí borradh **€29.6 billiún** in aghaidh na bliana a chur faoin ngeilleagar tríd an 'gcuair glactha' le haghaidh FUanna a luasghéarú cúig bliana, trí rialacha dliteanais ar leibhéal Eorpach a shoiléiriú.

(6) **Eoraip Shóisialta, fostaíocht agus sláinte** (142 billiún euro)

- An bhearna phá idir na hinscní a laghdú (43 billiún euro)
- Faisnéis níos fearr agus dul i gcomhairle ar bhealach níos fearr le hoibrithe (12 billiún euro)
- Fiontair shóisialta agus cumainn fhrithpháirteacha (15 billiún euro)
- Aghaidh a thabhairt ar neamhionannas sláinte (72 billiún euro)

- **An bhearna phá idir na hinscní a laghdú:** Ainneoin iarrachtaí a bheith déanta le blianta beaga anuas deireadh a chur leis an mbearna phá idir na hinscní, tá ollphá in aghaidh na huaire do mhná i ngeilleagar AE fós 16% níos ísle ná an t-ollphá in aghaidh na huaire d'fhir. Is amhlaidh atá mar gheall ar 'éifeachtaí deighilte' agus idirdhealú pá, ach áirítear sa neamhionannas tuillimh trí chéile freisin an bhearna san fhostaíocht agus sna huaireanta oibrithe, agus meastar go bhfuil an tuilleamh cailte cothrom le idir €241 agus €379 billiún in aghaidh na bliana. Ní hamháin go bhfuil an bhearna phá idir na hinscní a laghdú inmhianaithe, bheadh éifeacht dhearfach aige ar gheilleagar na hEorpa, mar go laghdaíonn an bhearna éifeachtúlacht gheilleagrach, *inter alia*, trí chosc a chur ar obair a bheith á leithdháileadh ar an mbealach is fearr. Mhéadódh sé táirgiúlacht agus sásamh as post, agus laghdódh sé ráta athraithe foirne agus díospóidí dlíthíochta. Tugtar le fios i dtaighde PE go mbíonn méadú 0.14% ar mhéid an gheilleagair mar thoradh ar laghdú 1% sa bhearna phá idir na hinscní. Tugann sé sin le fios fiú dá mbeadh gníomhaíocht AE maidir le trédhearcacht phá agus rochtain níos fearr ar chineálacha éagsúla saoire agus socruithe solúbtha oibre mar bhonn leis an mbearna phá a laghdú 2.0%, go méadódh OTI AE 0.28%, nó **€43 billiún** in aghaidh na bliana.
- **Faisnéis níos fearr agus dul i gcomhairle ar bhealach níos fearr le hoibrithe:** Ní hamháin go bhfuil ceart chun leibhéil chuí faisnéise ag fostaithe faoi Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, ach d'fhéadfadh go mbeadh éifeacht dhearfach ag an bpróiseas ar an ngeilleagar, go háirithe nuair a bhíonn iomarcaíochtaí i gceist, nuair is eol go spreagann fógra a thabhairt roimh ré ath-implonú rathúil, go háirithe má chuirtear cúnaimh agus oiliúint cuardaigh poist ar fáil chomh maith. Meastar i dtaighde PE ar chostais agus ar thairbhí feabhsuithe féideartha ar chreat reachtach reatha AE go bhféadfadh sé a bheith mar bhonn le gnóthachain éifeachtúlachta de thart ar **€12 billiún** in aghaidh na bliana a ghiniúint, go háirithe trí líon na n-iomarcaíochtaí a laghdú (thart ar 22%), mar aon le heachtraí agus déine coinbhleachtaí tionsclaíocha, 'rátaí fágála' fostaithe agus costais sláinte a laghdú, agus tríd an dóchúlacht go bhfaighidh oibrithe poist nua a mhéadú.
- **Aghaidh a thabhairt ar neamhionannas sláinte:** Ceann de na gnéithe is tábhachtaí de shaol an duine é a bheith sláintiúil agus/nó a bheith in ann saol maith a chaitheamh nuair atá duine tinn. Ainneoin nach bhfuil ach inniúlacht tacaíochta ag AE i ndáil le beartas sláinte, d'fhéadfadh tairbhí suntasacha a bheith ag baint le rochtain ar chúram sláinte trasteorann agus comhordú agus cur chun cinn níos fearr dea-chleachtais idir Ballstáit. Bunaithe ar anailís a rinne an Coimisiún Eorpach agus daoine eile ar chostais neamhionannas suntasach sláinte, idir agus laistigh de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, a mbíonn drochshláinte i measc roinnt grúpaí sóisialta nó i bpobail áirithe mar thoradh orthu, d'fhéadfadh go mbeadh gnóthachan féideartha de suas le **€72 billiún** in aghaidh na bliana ann do gheilleagar na hEorpa dá ndéanfaí gníomhaíocht níos éifeachtaí sa réimse seo. D'fhéadfaí gné sláinte a áireamh i mbeartais AE eile - cosúil le níos mó úsáide a bheith á baint as cistí struchtúrtha atá ann cheana féin chun tacú le tionscadail agus a chuireann feabhas ar an mbonneagar sláinte, a mhéadaíonn taighde agus oiliúint sláinte, a chuireann le maireachtáil níos sláintiúla agus a chuireann 'aosú gníomhach' chun cinn.
- **Fiontair shóisialta agus cumainn fhrithpháirteacha:** Tá dhá mhilliún fiontar sóisialta laistigh de AE, agus tá breis is 14 milliún duine á bhfostú acu. Tá éagsúlacht mhór foirmeacha dlí i gceist - fondúireachtaí, comharchumainn, cumainn fhrithpháirteacha, comhlachais nó cuideachtaí – agus i láthair na huaire níl aon chreat dlíthiúil Eorpach ann chun cabhrú leo lántairbhe a bhaint as an margadh aonair. Ghinfeadh cur chuige níos comhordaithe AE breisluach geilleagrach agus sóisialta, lena n-áirítear barainneachtaí scála níos fearr trí rochtain ar mhargadh níos mó, costais laghdaithe idirbheart agus forfheidhmithe, rochtain níos fearr ar airgeadas agus ar chonarthaí poiblí, agus infheictheacht agus muinín tomhaltóirí a d'fhéadfadh a bheith níos fearr. Bheadh fondúireachtaí frithpháirteacha Eorpacha nó fondúireachtaí Eorpacha, agus córas deimhnithe AE, mar bhonn lena chinntiú go mbeadh a n-oibríochtaí níos éasca. Maidir le córas deimhnithe AE, d'fhéadfadh 'lipéad Eorpach don gheilleagar sóisialta' deis a thabhairt dóibh iad féin a idirdhealú ó ghnóthaí eile, gan gá a bheith le clárú i ngach mBallstát, agus ag an am céanna cead a thabhairt dóibh an fhoirm dlí faoinar mian leo a gcuid oibríochtaí a chur i gcrích a roghnú.

Moltar i dtaighde PE fiú dá mbeadh a leithéid de ghníomhaíocht mar bhonn le borradh 2.0% a chur faoin earnáil, go mbeadh sé sin cothrom le gnóthachan de thart ar **€15 billiún** in aghaidh na bliana.

(7) **Eoraip na Saoránach** (58 billiún euro)

- Saorghluaiseacht saoránach an Aontais atá gníomhach ó thaobh an gheilleagair de (53 billiún euro)
 - Cruthaitheacht agus ilchineálacht chultúrtha (0.5 bhilliún euro)
 - Gníomhaíocht dheonach thrasteorann (0.06 bhilliún euro)
 - Cosaint caidreamh leanaí, teaghlaigh agus maoine (0.6 bhilliún euro)
 - Bunú agus soghluaisteacht cuideachtaí (0.26 bhilliún euro)
 - Comhar dlíthiúil agus dlíthíocht in ábhair shibhialta agus thráchtála (4 bhilliún euro)
 - Dlí an Aontais maidir le gnásanna riaracháin (0.02 bhilliún euro)
- **Saorghluaiseacht saoránach an Aontais atá gníomhach ó thaobh an gheilleagair de:** Tá an ceart chun post a chuardach i dtír eile den Aontas Eorpach ag saoránaigh, an ceart maireachtáil sa tír sin agus margadh saothair na tíre sin a rochtain. Caithfidh siad cánacha a íoc agus cur le slándáil shóisialach, ach tá na cearta céanna acu is atá ag náisiúnaigh. Meastar in 2017, gur baineadh gnóthachan OTI de €106 billiún amach a bhuíochas le saorghluaiseacht chuig príomhthíortha chinn scríbe. Má leanann na treochtaí ar aghaidh ag an ráta reatha - mhéadaigh líon na saoránach den Aontas fostaithe, in aois oibre a bhí ag maireachtáil i mBallstát eile ó 2.5% go dtí 3.8% sna deich mbliana idir 2007-17 - bheadh úsáid leanúnach na saorghluaiseachta mar bhonn le 5.4% de dhaoine den sórt sin, nó thart ar 12 milliún duine, a bheith á gcur san áireamh sa chatagóir seo faoi 2027. Tugtar le fios i dtaighde PE go gcruthódh méadú den sórt sin thart ar **€53 billiún** do gheilleagar AE in aghaidh na bliana, i bpraghsanna tairiseacha. Bheadh an méid seo i bhfad níos airde, dá gcuirfí oibrithe trasteorann, oibrithe ar phostú, íocaíochtaí agus an tionchar ar ioncam poiblí san áireamh.
- **Cultúr agus éagsúlacht chultúrtha:** Is é cultúr ceann de shócmhainní is fearr na hEorpa, agus síleann 80% de shaoránaigh go gciallaíonn éagsúlacht chultúr na hilchríche go bhfuil an Eoraip difriúil agus go mbaineann luach ar leith léi. Chomh maith leis sin, spreagann na hearnálacha cultúrtha agus cruthaitheacha nuálaíocht, gineann siad breis is €500 billiún in OTI in aghaidh na bliana agus fostaíonn siad 7.5% de lucht oibre na hEorpa. I measc na ndúshlán atá le sárú acu tá digitiú, ilroinnt margaí, cúrsaíocht theoranta oibreacha agus bacainní ar iasachtú agus cothromas a rochtain, go háirithe i bhfianaise na deacrachta a bhaineann le luach a lua le sócmhainní doláimhsithe agus leitheadúlacht micrifhiontar san earnáil. Moltar i dtaighde, má thugtar isteach saoráidí airgeadais nua agus má dhéantar breis forbartha ar shaoráidí atá ann cheana féin - le rochtain níos éasca ar chothromas agus ar chómhaoiniú, lena n-áirítear úsáid a bhaint as 'aingil ghnó' agus sluamhaoiniú - go bhféadfaí an bhearna mhaoinithe san earnáil a laghdú an ceathrú cuid, agus go bhféadfadh an gnóthachan féideartha OTI a bheith cothrom le suas le **€494 milliún** in aghaidh na bliana.
- **Gníomhaíocht dheonach trasteorann:** Baineann go leor buntáistí le hobair dheonach - obair a dhéantar de dheoin an duine, le heagraíocht neamhrialtasach go príomha, ar mhaithe le cúis neamhbhrabúis - do na hoibrithe deonacha agus do na hearnálacha agus na pobail áitiúla a gcabhraíonn siad leo. Riamh anall, áfach, tá raon ualaí rialála agus airgeadais ag cur bac ar rochtain ar obair dheonach, go háirithe i gcás daoine óga. I measc na n-ualaí seo tá easpa aitheantais dlí thar theorainneacha, rochtain ar shochair slándála sóisialaí a urchosc, mar shampla, agus an fhíric nach bhfuil na scileanna a shealbhaítear nuair a bhíonn obair dheonach á déanamh á n-aithint ar bhonn comhsheasmhach. Meastar i dtaighde PE go bhfuil an costas a bhaineann le hualaí den sórt sin cothrom le thart ar **€65 milliún** in aghaidh na bliana, agus

creideann an Coimisiún Eorpach, leis an éifeacht iolraitheora de thart ar cheithre huaire, go bhféadfadh an 50,000 rannpháirtí in aghaidh na bliana ina Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach nua borradh suas le €810 milliún in aghaidh na bliana a chur faoin ngeilleagar.

- **Cosaint caidreamh leanaí, teaghlaigh agus maoine:** Tá líon na lánúineacha agus teaghlach idirnáisiúnta laistigh de AE ag méadú go leanúnach, de réir mar atá a gceart chun saorghluaiseacht á fheidhmiú ag níos mó daoine. Tugtar le fios i dtaighde PE go ngineann bearnaí agus neamhréireachtaí reatha i gcreat dlí AE atá dírithe ar chosaint caidreamh leanaí, teaghlaigh agus maoine i gcásanna trasteorann costais bhliantúla de thart ar **€619 milliún**. Eascraíonn na costais seo go príomha as an dibhéirseacht i rialacha Ballstáit, i léirmhíniú agus i gcur chun feidhme rialacha AE, agus as easpa aitheantais fhrithpháirtigh stádas dlí nó cinneadh riaracháin ar leith. Tá gá le gníomhaíocht i ndáil le huchtú trasteorann leanaí, ionadaíocht i gcás éagumais, stádas sibhialta agus cearta maoine a aithint, agus aisíocaíocht damáistí ó thionóiscí tráchta.
- **Bunú agus soghluaisteacht cuideachtaí:** Is gné lárnach den mhargadh aonair é dlí Eorpach na gcuideachtaí. Éascaíonn sé saoirse bhunaíochta, laghdaíonn sé ualaí oibríochtúla ar chuideachtaí, feabhsaíonn sé a n-iomaíochas agus cuireann sé trédhearcacht chun cinn. Bunaithe ar shonraí Eurostat, gineann 17 milliún cuideachta teoranta in AE breisluach bliantúil de thart ar €4.9 trilliún. Tá ar chuideachtaí ar mian leo bogadh chuig Ballstát eile dul i ngleic, áfach, le bacainní, costais agus éiginnteachtaí suntasacha dlí, rud a chuireann teorainn le comhtháthú margaidh. Tugtar le fios i dtaighde PE go bhféadfadh an feabhas ar chreat dlí AE i ndáil le cumaisc, rannáin, tiontuíthe agus acmhainn saorghníomhaíochta cuideachtaí gnóthachan éifeachtúlachta de **€264 milliún** in aghaidh na bliana a ghiniúint.
- **Comhar dlíthiúil agus dlíthíocht in ábhair sibhialta agus thráchtála:** Tá méadú ag teacht go leanúnach ar líon na ndaoine agus na gcuideachtaí a bhfuil baint acu le hidirbhearta trasteorann. Baineann dúshlán fós, áfach, le cearta a fhorfheidhmiú i mBallstát eile. Cruthaíonn difríochtaí i rialacha nós imeachta sibhialta i measc Ballstát deacrachtaí agus costais do na páirtithe i gceist agus d'fhéadfadh gur ábhar amhras a bheadh iontu i measc na mbreithiúna chomh fada is a bhaineann le breithiúnais choigríche a aithint nó a fhorfheidhmiú. Tugtar le fios i dtaighde PE go bhféadfadh gníomhaíocht reachtach a thugann isteach íoschaighdeáin chomhchoiteanna AE le haghaidh nós imeachta sibhialta costais bhliantúla a laghdú idir €258 agus €773 milliún go bliantúil do shaoránaigh agus do ghnóthaí. Os a choinne sin, d'fhéadfadh gníomhaíocht AE chun socrú díospóidí tráchtála a bhrostú tuilleadh breisluacha Eorpaigh de thart ar **€3.7 billiún**, ar a laghad a ghiniúint, agus suas le €5.7 billiún, go bliantúil.
- **Dlí an Aontais maidir le gnásanna riaracháin:** Tá ceart infheidhmithe le dlí chun dea-riaracháin ag gach saoránach ina c(h)aidreamh le hinstiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí AE. I láthair na huaire, tá dlí riaracháin AE thar a bheith ilroinnte, rud is cúis le héiginnteacht, costais agus moill. Tugann taighde PE le fios go laghdódh cur chuige níos soiléire agus níos comhsheasmhaí, códaithe san fhoirm de dhlí AE ar ghnás riaracháin, costais idirbhirt agus aga feithimh le haghaidh daoine a bhíonn ag déileáil le riarachán AE, luach **€20 milliún**, ar a laghad.

(8) Ceartas agus Gnóthaí Baile - Imirce agus teorainneacha (55 billiún euro)

- Imirce dhleathach (22 billiún euro)
 - Beartas maidir le tearmann (22 billiún euro)
 - Beartas rialaithe teorann agus víosaí (10 mbilliún euro)
 - Saoránacht agus cónaitheacht trí scéimeanna infheistíochta (á meas)
- **An imirce dhleathach:** Tá sé mar aidhm ag AE beartas cuimsitheach inimirce a fhorbairt a chiallaíonn gur cheart caitheamh go cothrom agus ar bhealach neamh-idirdhealaitheach le

náisiúnaigh tríú tír (NTT) atá ina gcónaí san Aontas go dleathach. Tá roinnt bearnaí agus bacainní ann fós, áfach, mar gheall ar easpa corpraithe agus cur chun feidhme chearta an duine agus chaighdeáin saothair idirnáisiúnta agus AE, agus de bhrí go dteipeann ar an gcur chuige earnála a ghlactar i gcreat dlí AE, gach NTT a chumhdach. Ciallaíonn sé sin go mbíonn ar NTT déileáil le difríochtaí sa ráta fostaíochta, rócháiliú, caighdeán poist níos ísle, tuilleamh níos ísle agus torthaí fadtéarmacha lánpháirtithe níos laige. Meastar i dtaighde PE go bhféadfadh sochar de suas le **€22 billiún** don gheilleagar in aghaidh na bliana a bheith mar thoradh ar thuilleadh gníomhaíochta AE i réimse na himirce dleathaí. D'fhéadfaí tuilleadh gnóthachan fós a dhéanamh trí aghaidh a thabhairt ar na beartais náisiúnta ilroinnte sa réimse seo, a bhfuil an bonn á bhaint acu faoi láthair de chumas AE trí chéile na hoibrithe agus na taighdeoirí a theastaíonn uaidh a mhealladh.

- **Beartas tearmainn:** I láthair na huairé tá laigí agus easnaimh shuntasacha struchtúrtha i ndearadh agus i gcur chun feidhme an Chomhchórais Eorpaigh Tearmainn (CEAS) agus na bearta gaolmhara. Tarraingíonn siad aird ar an ngá atá le haghaidh a thabhairt ar shaincheistanna cosúil le comhlíonadh níos fearr le noirm agus le luachanna idirnáisiúnta agus AE, leibhéil níos ísle d'imirce mhírialta chuig AE agus de na costais a bhaineann le slándáil agus faireachas teorainn, éifeachtacht agus éifeachtúlacht mhéadaithe an phróisis tearmainn, lánpháirtíú socheacnamaíoch níos tapa iarrthóirí tearmainn, ioncam méadaithe fostaíochta agus cánach, agus cosaint neartaithe chearta an duine i dtíortha a mbeifear ag filleadh orthu. Tugtar le fios i dtaighde PE go bhféadfadh an leas geilleagrach a bhainfeadh le glacadh leis na roghanna beartais seo sna réimsí seo a bheith cothrom le **€22.5 billiún**, ar a laghad, in aghaidh na bliana.
- **Beartas rialaithe teorann agus víosaí:** Tharraing an líon ard gan choinne imirceach a tháinig chomh fada le teorainneacha seachtracha AE in 2015 agus 2016 aird ar na heasnaimh struchtúrtha atá i mbeartais bainistíochta teorainneacha seachtracha AE, go háirithe chomh fada is a bhain le himircigh agus le hiarrthóirí tearmainn a sheiceáil. Spreag na heasnaimh seo, i dteannta le hábhair inní maidir le slándáil inmheánach, roinnt stát Schengen chun teorainneacha inmheánacha a bhunú arís go sealadach. I dteannta leis an gcaillteanas geilleagrach a bhain le teorainneacha inmheánacha a dhúnadh - 'costas neamh-Schengen' a mheastar atá cothrom le €10 billiún, ar a laghad, in aghaidh na bliana - tá tionchar diúltach ag an staid seo ar na himircigh, cumainn ghlactha, a gcónaitheoirí, agus muinín as AE. Meastar i dtaighde PE go gcosnaíonn socruithe atá i bhfeidhm cheana féin in AE thart ar €27.5 billiún in aghaidh na bliana ar gheilleagar na hEorpa. Bheadh na glansochair a bhainfeadh le glacadh le roinnt roghanna beartais ionas go mbeadh AE in ann dul i ngleic leis na bearnaí agus leis na bacainní aitheanta cothrom le **€10 mbilliún**, ar a laghad, in aghaidh na bliana (€4 bhilliún le haghaidh rialú teorann agus €6 bhilliún le haghaidh beartas víosaí).
- **Saoránacht agus cónaitheacht trí scéimeanna infheistíochta:** Tá scéimeanna saoránachta trí infheistíocht (CBI) nó scéimeanna saoránachta cónaitheachta trí infheistíocht (RBI) i bhfeidhm ag roinnt Ballstát - ar a dtugtar 'pasanna órga' agus 'víosaí órga' - a cheadaíonn rochtain ar chónaitheacht nó ar shaoránacht mar mhalairt ar infheistíochtaí sonracha sna tíortha lena mbaineann. I gcásanna áirithe, tá ceisteanna curtha maidir leis an raon atá ann d'éilliú, sciúradh airgid, agus/nó imghabháil agus seachaint cánach, mar aon leis an bpoitéinseal an margadh aonair a shaobhadh agus an bonn a bhaint de shláine shaoránacht Eorpach. Tá breithniú á dhéanamh go gníomhach ar raon tionscnamh AE atá deartha chun an trédhearcacht, an chuntasacht agus an dícheall cuí a bhaineann le scéimeanna den sórt sin a mhéadú, agus tá measúnú á dhéanamh freisin ar an leas geilleagrach a d'fhéadfadh gníomhaíochtaí den sórt sin a chruthú do gheilleagar AE.

(9) Ceartas agus Gnóthaí Baile - Slándáil agus cearta bunúsacha

(125 billiún euro)

- Foréigean in aghaidh na mban a chomhrac (23 billiún euro)
 - Cóir chomhionann agus neamh-idirdhealú (0.5 bhilliún euro)
 - Coireacht eagraithe, éilliú agus cibearchoireacht a chomhrac (82 billiún euro)
 - Gníomh comhordaithe in aghaidh na sceimhlitheoireachta (16 billiún euro)
 - Cearta nós imeachta agus coinníollacha coinneála (0.2 bhilliún euro)
 - Cosaint sonraí (3 bhilliún euro)
- **Foréigean in aghaidh na mban a chomhrac:** Tá tairbhí ag idir aon cheathrú agus aon trian de mhná uile san Eoraip ar fhoréigean fisiciúil agus/nó gnéasach ó aois 15. Níl aon ionstraimí atá ceangailteach ó thaobh dlí ann ar leibhéal AE atá ag díriú go sonrach ar íospartaigh foréigin ar mná iad. Mar thoradh air sin, tá éagsúlacht le tabhairt faoi deara i gcosc, cosaint agus cúnamh ar fud an Aontais. Tá Coinbhinsiún Iostanbúl Chomhairle na hEorpa sínithe ag AE maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean baile a chosc, a bheidh ceangailteach ar an Aontas agus ar a Bhallstáit, nuair a bheidh sé daingnithe. Meastar i dtaighde PE go mbeidh costas sóisialta agus aonair iomlán an fhoréigin in aghaidh na mban cothrom le thart ar €230 billiún in aghaidh na bliana, lena n-áirítear cailteanas díreach OTI de thart ar €30 billiún agus costas €34 billiún a bhaineann le níos mó úsáide a bheith á baint as na córais dlí coiriúla agus sibhialta. Dá ndéanfaí foréigean den sórt sin a laghdú 10% le bearta beartais a bhfuil an Parlaimint ag tacú leo, bheadh an gnóthachan don gheilleagar cothrom le thart ar **€23 billiún** in aghaidh na bliana.
- **Cóir chomhionann agus neamh-idirdhealú:** Is gnéithe bunúsacha iad cóir chomhionann agus neamh-idirdhealú de na luachanna ar a bhfuil an tAontas Eorpach bunaithe. Tá duine amháin as gach cúigeir ó AE ag déileáil le hidirdhealú de chineál éigin gach bliain, áfach. Seachas an t-idirdhealú agus an foréigean in aghaidh na mban (a bhfuil anailís déanta air thuas), tá idirdhealú ciníoch fairsing, tá daoine atá faoi mhíchumas ag streachailt chun a gceart chun maireachtáil go neamhspleách a fheidhmiú, agus tá daoine LADT ag déileáil le hidirdhealú agus le fuathchoireacht. D'ainneoin gur ann do reachtaíocht agus gníomhaíocht AE, tá bearnaí agus bacainní suntasacha fós ann i ndáil le cóir chomhionann agus cosc agus ionchúiseamh oiriúnach, agus cúiteamh le haghaidh, fuathchoireacht laistigh de AE. Moltar i dtaighde PE go bhféadfadh tuilleadh gníomhaíochta ar leibhéal AE i ndáil le saincheisteanna áirithe - go háirithe trí chur chun feidhme níos fearr na reachtaíochta atá ann a áirithiú, glacadh le cosaintí nua i ndáil le hidirdhealú bunaithe ar reiligiún agus creideamh, gnéaschlaonadh, míchumas agus aois, agus cosaintí fuathchoireachta a leathnú chun LADT a chur san áireamh - gnóthachan geilleagrach de suas le **€527 milliún** a ghiniúint in aghaidh na bliana.
- **Coireacht eagraithe, éilliú agus cibearchoireacht a chomhrac:** Tá coireacht agus éilliú eagraithe ag feidhmiú mar chuid de chaidreamh treisithe comheisiach. Déanann grúpaí coiriúla eagraithe (GCEanna) iarracht na rialacha a lúbadh ar mhaithe leo féin trí oifigigh a éilliú. Baineann éilliú an bonn den smacht reachta, a sholáthraíonn níos mó deiseanna do choirpigh eagraithe. Le forbairt na dteicneolaíochtaí nua-aimseartha, leathnaigh GCEanna a ngníomhaíochtaí agus áirítear cibearchoireacht i measc a ngníomhaíochtaí anois, amhail calaois íocaíochta ar líne agus sracadh trí úsáid a bhaint as bogearraí mailíseacha. Ceann de na príomhbhacainní ar éifeachtacht na streachailte seo atá ar bun ag AE agus ag a Bhallstáit an easpa cur chun feidhme atá le tabhairt deara i gcás norm idirnáisiúnta agus AE. Tugtar le fios i dtaighde PE go bhféadfadh cur chuige níos comhordaithe coigilteas **€82 billiún** ar a laghad a bhaint amach do gheilleagar na hEorpa ar bhonn bliantúil.
- **Gníomhaíocht chomhordaithe in aghaidh na sceimhlitheoireachta:** Áirítear an sceimhlitheoireacht ar cheann de na saincheisteanna is tábhachtaí nach mór do AE aghaidh a thabhairt uirthi fós sa lá inniu ann. Déanann AE sceimhlitheoireacht a chomhrac trí thacú le

bearta agus le malartuithe éagsúla náisiúnta, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil radacú agus earcaíocht á gcosc acu, bearta a bhfuil aghaidh á dtabhairt acu ar mhaoiniú na sceimhlitheoireachta agus seilbh agus éadail arm agus pléascán a rialú, mar aon le hionstraimí a bhfuil sé mar aidhm leo slándáil ag teorainneacha seachtracha an Aontais a neartú. Áirítear anseo comhar gníomhach le tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta. Ina ainneoin sin, tá costais na gníomhaíochta sceimhlitheoireachta laistigh de AE cothrom le thart ar **€15.9 billiún** in aghaidh na bliana. Trí aghaidh a thabhairt ar roinnt bearnaí agus bacainní i mbeartas frithsceimhlitheoireachta AE d'fhéadfadh go mbeadh gníomhaíocht sceimhlitheoireachta á cosc agus á hionchúiseamh ar bhealach níos fearr.

- **Cearta nós imeachta agus coinníollacha coinneála:** D'ainneoin gníomhaíocht agus comhar suntasach ar leibhéal AE, tá cearta agus coinníollacha coinneála daoine a bhfuil amhras ann go ndearna siad coir agus atá sa phríosún sna Ballstáit fós faoi bhun na gcaighdeán idirnáisiúnta agus AE. Tá reachtaíocht AE maidir le cearta amhrastach teoranta d'íoschaighdeán chomhchoiteanna a leagan síos. Os a choinne sin, níor tugadh aghaidh go cuimsitheach ar réimsí áirithe, cosúil le coinneáil réamhthrialach, cur le plódú i bpríosúin i roinnt Ballstát AE. Bíonn tionchar ag an staid seo ar na daoine lena mbaineann agus a dteaghligh, agus ar an tsochaí trí chéile. Meastar i dtaighde PE go bhféadfadh an costas do gheilleagar na hEorpa a bhaineann le cur chun feidhme iomarcach beart coinneála réamhthrialaí a bheith cothrom le €162 milliún in aghaidh na bliana, agus go gcuireann úsáid dhíríreach an Bharántais Ghabhála Eorpaí €43 milliún eile leis sin, nó **€205 milliún** ar fad in aghaidh na bliana.
- **Cosaint sonraí:** Is ceart bunúsach é cosaint sonraí faoi Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) a tháinig i bhfeidhm le déanaí, a chlúdaíonn an earnáil phoiblí agus phríobháideach, agus An Treoir maidir le Cosaint Sonraí i Réimse Fhorfheidhmiú an Dlí, a chlúdaíonn comhar póilíneachta agus breithiúnach, chun caighdeán cosanta sonraí nuashonraithe a chur ar fáil do shaoránaigh ar bhealach comhleanúnach agus dearfach. Tá poitéinseal ann fós, áfach, chun socruithe a bhaineann le r-phríobháideachas i gcumarsáid leictreonach a shoiléiriú agus a shimpliú, trí reachtaíocht sa réimse seo a thabhairt cothrom le dáta. I dteannta le cearta saoránach a chosaint, d'fhéadfaí coigilteas féideartha do gheilleagar na hEorpa de thart ar **€3.25 billiún** in aghaidh na bliana a shamhlú.


(10) Beartas seachtrach AE (67 billiún euro)

- Níos lú dúbailte i mbeartas slándála agus cosanta (22 billiún euro)
 - Comhordú deontóra feabhsaithe i mbeartas forbartha (9 mbilliún euro)
 - Cosaint chonsalach chomhchoiteann feabhsaithe do shaoránaigh an Aontais (0.9 mbilliún euro)
 - Trádáil idirnáisiúnta a chur chun cinn (35 billiún euro)
- **Níos lú dúbailte i mbeartas slándála agus cosanta:** Ainneoin gurb iad Ballstáit an Aontais Eorpaigh i dteannta a chéile an dara caiteoir is mó cosanta ar domhan, a bhfuil buiséad níos mó ná €220 billiún in aghaidh na bliana luaite leis anois (agus atá ar chuar méadaitheach), léirítear ilroinnt thraidisiúnta fórsaí armtha agus ceannach míleata, i neamh-idir-inoibritheacht trealaimh uaireanta, rud is cúis le forluí agus dúbailt nach gá - agus d'fhéadfadh go mbeadh breis éifeachtúlachta mar thoradh ar chomhar méadaithe, go háirithe má tá caighdeánú níos fearr trealaimh agus speisialú tascanna i gceist chomh maith. Tugtar le fios i dtaighde PE, ainneoin dul chun cinn tábhachtach a bheith déanta sa réimse seo le déanaí, faoi cheannaireacht AE agus ECAT, go bhfuil **€22 billiún euro** ar a laghad de ghnóthachain éifeachtúlachta le réadú in aghaidh na bliana, tuairim atá ag teacht le taighde a rinne comhlachtaí eile, cosúil le

Fondúireacht Bertelsmann, Institiúid McKinsey agus Institiúid na hIodáile um Ghnóthaí Idirnáisiúnta.

- **Comhordú feabhsaithe deontóra i mbeartas forbartha:** Is é AE agus a Bhallstáit i dteannta a chéile an t-imreoir is mó i gcúnamh forbartha domhanda, iad ag caitheamh €76 billiún ar chúnamh oifigiúil forbartha. Ainneoin go raibh dlúthbhaint ag AE leis an sainmhíniú ar chritéir agus ar uirlisí éifeachtúlachta an chúnamh dhomhanda, d'fhéadfadh na trí chineál dhifriúla de chúnamh AE - atá á gcur ar fáil go díreach ag an gCoimisiún Eorpach, go híndíreach trí Chiste Eorpach Forbraíochta (CEF) idir-rialtasach, fiú amháin dá mbeidís á riar ag an gCoimisiún, agus go déthaobhach ag na Ballstáit - cur isteach ar éifeachtúlacht agus roinnt dúbailte agus forluí a chruthú. Tugtar le fios i dtaighde PE go bhféadfaí gnóthachain éifeachtúlachta de thart ar **€9 mbilliún** in aghaidh na bliana a bhaint amach, lena n-áirítear coigilteas díreach agus torthaí níos fearr i dtíortha faighteora, trí chomhordú níos fearr sa réimse seo, go háirithe trí chomhordú níos iomláine leithdháiltí tíre.
- **Cosaint chonsalach chomhchoiteann feabhsaithe do shaoránaigh an Aontais:** Tá líon níos mó saoránach AE ag bogadh, ag taisteal agus ag obair lasmuigh de theorainneacha AE. Ciallaíonn na Conarthaí go bhfuil an ceart acu chun cosaint taidhleoireachta agus chonsalach i dtír nach bhfuil ionadaíocht á déanamh ar a mBallstát féin inti. Ní hamháin go bhféadfadh cúnaimh taidhleoireachta feabhsaithe do na saoránaigh sin a bheith tairbheach dóibh ach d'fhéadfadh sé costais neamhriachtanacha trí dhúbailt tacaíochta a laghdú. Meastar go bhféadfaí coigilteas de thart ar **€860 milliún** in aghaidh na bliana a réadú trí roinnt seirbhísí taidhleoireachta a chur ar fáil ar leibhéal AE a bhfuil misin taidhleoireachta Ballstáit freagrach as a bhfeidhmiú inniu.
- **Trádáil idirnáisiúnta a chur chun cinn:** Má chuirtear earraí agus seirbhísí san áireamh, is é AE an chumhacht trádála is mó ar domhan. Ba cheart go mbeadh gnóthachain leasa mar thoradh ar thrádáil idirnáisiúnta trí speisialú agus méaduithe táirgiúlachta agus chun rochtain a cheadú ar acmhainní atá gann ar bhonn intíre, agus ar theicneolaíocht agus ar nuálaíocht táirgthe thar lear. Ag an am céanna, tá iarracht á déanamh ag AE a áirithiú go bhfuil cearta an duine, caighdeán agus prionsabail saothair, chomhshaoil, agus sláinte agus sábháilteachta á n-urramú ina bheartas trádála. Cé go mbaineann tábhacht ollmhór le creataí trádála iltaobhacha (WTO) agus déthaobhacha san Aontas, is sna creataí trádála déthaobhacha a tugadh an dul chun cinn a rinneadh le déanaí faoi deara. Tá measúnú déanta ag an gCoimisiún Eorpach ar an leas geilleagrach a d'fhéadfadh comhaontuithe saorthrádála a tugadh i gcrích le déanaí leis an Nua-Shéalainn, an Astráil agus an tSeapáin, ar fiú idir €2.1 billiún agus €35 billiún in aghaidh na bliana iad, a chruthú do gheilleagar na hEorpa, agus táthar ag súil go mbeidh luach de thart ar €68 billiún in aghaidh na bliana luaite le Comhpháirtíocht Thrasatlantach Trádála agus Infheistíochta. Ar bhonn mórán mar an gcéanna, d'fhéadfaí a rá go mbeidh an gnóthachan féideartha fadtéarmach ó chomhaontú saorthrádála AE amháin eile cothrom go réasúnach le thart ar **€35 billiún** in aghaidh na bliana.

Mapáil Chostas na Neamh-Eorpa, 2019-24



Liosta d'anailís mhionsonraithe de ghnóthachain gheilleagracha fhéideartha in 50 réimse beartais AE, le fáil sa staidéar iomlán

| | |
|---|-----------|
| MARGAIDH AONAIR CLASAICEACH | 29 |
| 1. An margadh aonair le haghaidh earraí a chomhlánú | 29 |
| 2. An margadh aonair le haghaidh seirbhísí a chomhlánú | 34 |
| 3. Cearta tomhaltóirí a ráthú | 40 |
| 4. An geilleagar comhoibríoch nó comhroinnte a chur chun cinn | 44 |
| 5. Aghaidh a thabhairt ar sheachaint cánach corparáide | 48 |
| 6. Calaois chánach bhreisluacha a chomhrac | 52 |
| AN GEILLEAGAR DIGITEACH | 55 |
| 7. An margadh aonair digiteach a chomhlánú | 55 |
| 8. Nascacht idirlín a chur chun cinn | 60 |
| 9. Cibearshlándáil | 66 |
| AN tAONTAS EACNAMAÍOCH AGUS AIRGEADAÍOCHTA | 70 |
| 10. Comhordú níos fearr an bheartais fhioscaigh | 70 |
| 11. An tAontas Baincéireachta a chomhlánú | 74 |
| 12. Scéim ráthaíochtaí taiscí comhchoiteann | 78 |
| 13. Scéim árachais dífhostaíochta comhchoiteann | 82 |
| 14. Margáí caipitil atá níos comhtháite a fhorbairt | 86 |
| 15. Táirge pinsin uile-Eorpach | 91 |

| | |
|---|------------|
| COMHSHAOL, FUINNEAMH AGUS TAIGHDE | 95 |
| 16. An t-athrú aeráide | 95 |
| 17. Reachtaíocht uisce neartaithe | 102 |
| 18. Margadh fuinnimh níos comhtháite le breis éifeachtúlachta fuinnimh | 106 |
| 19. Taighde agus nuálaíocht a chur chun cinn | 112 |
| 20. Róbataic agus Intleacht Shaorga | 116 |
| IOMPAR AGUS TURASÓIREACHT | 120 |
| 21. Limistéar Eorpach Aonair Iompair | 120 |
| 22. Forbairt beartas turasóireachta | 125 |
| 23. Cearta paisinéirí níos láidre | 128 |
| 24. Ionramháil odaiméadair i mótarfeithiclí | 131 |
| 25. Rialacha dliteanais agus árachas le haghaidh feithiclí uathrialaitheacha | 134 |
| EORAIP SHÓISIALTA, FOSTAÍOCHT AGUS SLÁINTE | 137 |
| 26. An bhearna phá idir na hinscní a laghdú | 137 |
| 27. Faisnéis níos fearr agus dul i gcomhairle ar bhealach níos fearr le hoibrithe | 142 |
| 28. Aghaidh a thabhairt ar neamhionannas sláinte | 146 |
| 29. Fiontair shóisialta agus cumainn fhrithpháirteacha | 149 |
| EORAIP NA SAORÁNACH | 152 |
| 30. Saorghluaiseacht saoránach an Aontais atá gníomhach ó thaobh an gheilleagair de | 152 |
| 31. Cultúr agus éagsúlacht chultúrtha | 157 |
| 32. Gníomhaíocht dheonach thrasteorann | 161 |
| 33. Cosaint caidreamh leanaí, teaghlaigh agus maoine | 164 |
| 34. Bunú agus soghluaisteacht cuideachtaí | 169 |
| 35. Comhar dlíthiúil agus dlíthíocht in ábhair shibhialta agus thráchtála | 173 |
| 36. Dlí an Aontais maidir le gnásanna riaracháin | 176 |

| | |
|--|------------|
| CEARTAS AGUS GNÓTHAÍ BAILE: IMIRCE AGUS TEORAINNEACHA | 179 |
| 37. An imirce dhleathach | 179 |
| 38. Beartas tearmainn | 183 |
| 39. Beartas rialaithe teorann agus víosaí | 186 |
| 40. Saoránacht trí infheistíocht agus cónaitheacht trí scéimeanna infheistíochta | 190 |
| CEARTAS AGUS GNÓTHAÍ BAILE: SLÁNDÁIL AGUS CEARTA BUNÚSACHA | 194 |
| 41. Foréigean in aghaidh na mban a chomhrac | 194 |
| 42. Cóir chomhionann agus neamh-idirdhealú | 198 |
| 43. Coireacht eagraithe, éilliú agus cibearchoireacht a chomhrac | 202 |
| 44. Gníomh comhordaithe in aghaidh na sceimhlitheoireachta | 206 |
| 45. Cearta nós imeachta agus coinníollacha coinneála | 210 |
| 46. Cosaint sonraí | 214 |
| BEARTAS SEACHTRACH AE | 218 |
| 47. Níos lú dúbailte i mbeartas slándála agus cosanta | 218 |
| 48. Comhordú feabhsaithe deontóra i mbeartas forbartha | 225 |
| 49. Cosaint chonsalach chomhchoiteann feabhsaithe do shaoránaigh an Aontais | 229 |
| 50. Trádáil idirnáisiúnta a chur chun cinn | 233 |

Is sliocht é seo as staidéar ina dtugtar le chéile obair atá idir lámha ar thionscadal fadtéarmach a bhfuil sé mar aidhm leis 'costas na neamh-Eorpa' a shainaithint agus a anailísiú i roinnt réimsí beartais. Úsáidtear an coincheap seo, ar bhain Parlaimint na hEorpa úsáid cheannródaíoch as den chéad uair sna 1980idí, chun na gnóthachain éifeachtúlachta féideartha i ngeilleagar Eorpach an lae inniu a chainníochtú trí ghabháil do shraith tionscnamh beartais ar thacaigh an Pharlaimint leo le déanaí – lena n-áirítear margadh aonair digiteach níos leithne agus níos doimhne agus comhordú níos córasaí beartas cosanta náisiúnta agus Eorpach nó breis comhair chun seachaint cánach corparáide a chomhrac. Is bunaithe ar OTI breise ginte nó úsáid níos réasúnaí acmhainní poiblí a thomhaistear na tairbhí.

Tugtar le fios san anailís is déanaí go bhféadfadh geilleagar na hEorpa (AE-28) gnóthachain fhéideartha de bhreis is 2,200 billiún euro a bhaint amach, dá nglacadh institiúidí an Aontais leis na beartais a bhfuil an Pharlaimint ag tacú leo i sraith réimsí sonracha agus dá gcuirfí chun feidhme ina n-iomláine iad thar thréimhse deich mbliana idir 2019 agus 2029. Is éard a bheadh ann, i ndáiríre, 'díbhinn dhá thrilliún euro', arb ionann é agus borradh 14% ar OTI iomlán AE (a bhí cothrom le 15.3 trilliún euro in 2017). Tá sé beartaithe go gcuirfidh an staidéar seo leis an bplé leanúnach faoi thosaíochtaí beartais an Aontais Eorpaigh sa timthriall institiúideach cúig bliana amach romhainn, ó 2019 go dtí 2024.

Is foilseachán de chuid an Aonaid um Breisluach Eorpach é seo EPRS | Seirbhís Taighde Parlaimint na hEorpa

Ullmhaíodh an doiciméad seo d'Fheisirí agus d'fhoireann Parlaimint na hEorpa, agus is orthu siúd atá sé dírithe, mar ábhar cúlra chun cabhrú leo lena n-obair pharlaiminteach. Is é an t-údar/is iad na húdair, agus é/iad siúd amháin, atá freagrach as inneachar an doiciméid agus ní gá gurb ionann aon tuairimí a nochtar ann agus seasamh oifigiúil na Parlaiminte.



PE 631.745
ISBN: 978-92-846-5016-3
DOI: 10.2861/451586
CAT: QA-02-19-215-GA-N